AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.7.2021
C(2021) 4997 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**gCINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le glacadh an chláir oibre ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021-2024 faoin gclár LIFE**

GA GA

# Clár oibre ilbhliantúil
# maidir le Clár LIFE a chur chun feidhme
# le haghaidh na mblianta 2021-2024


Liosta giorrúchán agus acrainmneacha ..... 2

1. RÉAMHRÁ ..... 4

2. STRUCHTÚR ..... 5

2.1. An fochlár 'an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht' agus réimsí idirghabhála gaolmhara ..... 6

2.2. An fochlár 'an Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht saoil' agus réimsí idirghabhála gaolmhara ..... 9

2.3. An fochlár 'an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don Athrú sin' agus réimsí idirghabhála gaolmhara ..... 12

2.4. An fochlár 'an tAistriú chuig Fuinneamh Glan' agus réimsí idirghabhála gaolmhara ..... 14

3. LEITHDHÁILEADH CISTÍ ..... 16

4. DEONTAIS ..... 17

4.1. Deontais Ghníomhaíochta ..... 19

4.1.1. Tionscadail Ghníomhaíochta Chaighdeánacha (TGCanna) ..... 19

4.1.2. Tionscadail Straitéiseacha (TSanna) ..... 20

4.1.3. Na Tionscadail Cúnaimh Theicniúil (tionscadail TA) ..... 24

4.1.4. Gníomhaíochtaí Eile (GEnna) ..... 26

4.2. An nós imeachta um chur isteach agus roghnú le haghaidh deontais ghníomhaíochta ..... 27

4.2.1. Nós imeachta aonchéime le haghaidh TGCanna, thionscadail TA agus 'Gníomhaíochtaí Eile' ..... 28

4.2.2. Nós imeachta dhá chéim le haghaidh TGCanna ..... 30

4.2.3. Nós imeachta dhá chéim le haghaidh SP ..... 31

4.3. Deontais oibriúcháin ..... 34

4.4. An nós imeachta um chur isteach agus roghnú le haghaidh deontais ghníomhaíochta ..... 35

4.5. Tráthchláir tháscacha le haghaidh na nglaonna ar thograí ..... 37

5. FOIRMEACHA EILE CISTIÚCHÁIN ..... 38

5.1. Conarthaí Soláthair ..... 38

5.2. Duaiseanna ..... 39

5.3. Gníomhaíochtaí chun tacú le hinfheistíochtaí, lena n-áirítear meascadh ..... 39

5.3.1. Tacaíocht chun cúnamh teicniúil a mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí comhshaoil agus aeráide ........ 39
5.3.2. Tacaíocht chun éifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíochtaí fuinnimh inathnuaite a mhaoiniú ........ 41
5.4. Tacaíocht chun gníomhaíochtaí eile faoi bhainistíocht indíreach a mhaoiniú ........ 42
5.4.1. Tacaíocht airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí bainistíochta indírí eile i réimsí an chomhshaoil agus na haeráide ........ 42
5.4.2. Tacaíocht airgeadais chun infheistíochtaí na hearnála príobháidí a ghníomhachtú san éifeachtúlacht fuinnimh ........ 43
5.5. Tionscadail a mhaoinítear trí fhoirmeacha eile cistiúcháin le háireamh sa tairseach 85 % de bhun Airteagal 9.3 ........ 43
6. CISTIÚ CARNACH ........ 44

**Liosta giorrúchán agus acrainmneacha**

BEST......... An Scéim Deontais Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht sna Réigiúin is Forimeallaí agus sna Tíortha agus Críocha Thar Lear

GCT.................................................................Gníomhaíochtaí Comhordaithe agus Tacaíochta

DEEP .............................................An tArdán um Dhí-rioscú na hÉifeachtúlachta Fuinnimh

EA...................................................................................Gníomhaireacht Feidhmiúcháin

EASIN ...............................An Líonra Eorpach um Fhaisnéis maidir le Speicis Choimhthíocha

EEFIG ........................................An Grúpa Institiúidí Airgeadais um Éifeachtúlacht Fuinnimh

BEI....................................................................................An Banc Eorpach Infheistíochta

Saoráid ELENA.................. An tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh

EIR..........................................Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil

EIT..................................................An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

CTA ....................................................................................Córas Trádála Astaíochtaí

EMAS.................................................. An Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil

FAO ......................................................................... An Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta

FISE..........................................................................An Córas Faisnéise Foraoise don Eoraip

TFC ……………………………………………..……….......... Teicneolaíocht Faisnéise agus ........................................................................................................... Cumarsáide

IEA ..........................................................................An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh

IUCN .......................................................... An tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra

PEN .................. Tacaíocht le haghaidh Phobail Eolais agus Nuálaíochta na hInstitiúide Eorpaí ................................................................................ um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

LUCAS....................................Suirbhé Staidrimh fráma Limistéir ar Chumhdach/Úsáid Talún

COI........................................................................................Clár Oibre Ilbhliantúil

FTFC....................................................................Faireachán, Tuairisciú, Fíorú agus Creidiúnú

CNRTA ..................................................................Cláir Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir

PNFA..................................................................Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide

PGNÉF ................................ Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh

UAN ......................................................................... Uasteorainn Astaíochtaí Náisiúnta

CGT ........................................................................... Creat Gníomhaíochta Tosaíochta

GE ………………….............................................................. ……… Gníomhaíochtaí Eile

ECFE .............................................. An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

LCE.......................................................................................... Lorg Comhshaoil Eagraíochta

RELCEnna................................ Rialacha Earnála maidir leis an Lorg Comhshaoil Eagraíochta

LCT............................................................................................Lorg Comhshaoil Tionscadail

RCLCTanna.................................... Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge

TRB .... Tionscadail chun aghaidh a thabhairt ar Thosaíochtaí Reachtacha agus Beartais *ad hoc*

PBA ..........................................................................Pleananna Bainistíochta Abhantraí

TGC....................................................................Tionscadail Ghníomhaíochta Chaighdeánacha

SGA..............................................................................Comhaontú Deontais Shonraigh

SIPanna..................................................................Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha

SMART .................................... Sonrach, Intomhaiste, Inbhainte Amach, Réadúil agus Tráthúil

SNAPanna .........................................................Tionscadail Straitéiseacha maidir leis an Dúlra

TA-CAP Tionscadail Cúnaimh Theicniúil le haghaidh Fhothú Acmhainneachta údaráis na mBallstát

TAIEX ....................................................................... Cúnamh Teicniúil agus Malartú Faisnéise

TA-PP..... Tionscadail Cúnaimh Theicniúil chun SNAPanna agus SIPanna a ullmhú

Tionscadail TA ..........................................................................Tionscadail Cúnaimh Theicniúil

TA-RTionscadail Cúnaimh Theicniúil le haghaidh Macasamhlú agus Uas-scálú Torthaí Tionscadal

CFAE.............................................................. An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

UNFCCC .................................Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide

UNEP........................................................................... Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe

EDS........................................................................................ An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

WISE ..................................................................................... An Córas Faisnéise Uisce don Eoraip

PBDanna ............................................................................... Pleananna Bainistithe Dramhaíola

# 1. RÉAMHRÁ

De réir Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1293/2013 (dá ngairtear 'Rialachán LIFE' anseo feasta), 'Is é is cuspóir ginearálta do chlár LIFE cuidiú leis an athrú i dtreo geilleagar inbhuanaithe, ciorclach, fuinneamhéifeachtúil, aeráid-díonach agus aeráidneodrach, atá bunaithe ar an bhfuinneamh inathnuaite, chun cáilíocht an chomhshaoil, lena n-áirítear an t-aer, an t-uisce agus an ithir, a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú agus cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú agus dul i ngleic le díghrádú na n-éiceachóras, lena n-áirítear trí thacú le cur chun feidhme agus bainistiú líonra Natura 2000, agus leis sin, cuirfear leis an bhforbairt inbhuanaithe. Le Clár LIFE, tacófar freisin le cur chun feidhme na gclár gníomhaíochta ginearálta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 192(3) CFAE'.

Maidir leis sin, le clár LIFE ina iomláine rannchuidítear go hiomlán le cuspóirí agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[1], arb é is aidhm dó:

- sochaí chothrom agus rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha atá tíosach ó thaobh acmhainní de agus atá iomaíoch, áit nach mbeidh aon ghlanastaíocht gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní;
- caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus dea-bhail na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol.

Beidh Clár LIFE ina rannchuidiú leis na tosaíochtaí sin trína cheithre fhochlár, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh

- maidir le cur chun feidhme chuspóirí beartais an Aontais a bhaineann le stopadh agus aisiompú caillteanais gnáthóg fiadhúlra agus speicis, dlús a chur leis sin agus é a chomhtháthú i ngach earnáil, agus déanamh amhlaidh freisin i gcás na gcuspóirí Straitéise Bithéagsúlachta le haghaidh 2030;
- tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus cáilíocht acmhainní nádúrtha an Aontais a chosaint agus feabhas a chur uirthi, lena n-áirítear an t-aer, an ithir agus an t-uisce i measc nithe eile;
- tacú le cur chun feidhme chreat beartais 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, chuspóir aeráidneodrachta an Aontais do 2050, agus straitéis nua an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide;
- acmhainneacht a fhothú, infheistíochtaí a spreagadh agus tacú le cur chun feidhme beartas atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí inathnuaite fuinnimh ar scála beag.

Leis an gclár oibre ilbhliantúil reatha (MAWP) le haghaidh 2021-2024 cuirtear san áireamh an taithí a fuarthas i gcláir LIFE roimhe sin chomh maith le torthaí na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara a rinneadh faoi chuimsiú a ullmhaithe.

Cuimsítear ann na nuálaíochtaí a tugadh isteach le Rialachán LIFE lena n-áirítear:

- Gníomhaíocht neartaithe maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht agus síneadh curtha leis an raon feidhme agus tacaíocht thiomnaithe do chláir gníomhaíochta chomhordaithe sna Ballstáit. Beidh an méid sin ina rannchuidiú leis an

[1] COM(2019)640 final

uaillmhian bhithéagsúlachta a bhaineann le 7.5 % de chaiteachas bliantúil faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil a sholáthar do chuspóirí bithéagsúlachta in 2024 agus 10 % den chaiteachas sin a sholáthar do na cuspóirí sin in 2026 agus 2027[2].

- Sprioc 61 % le haghaidh caiteachais lena dtacaítear le cuspóirí aeráide i gcomhréir leis an uaillmhian a bhaineann le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.
- Gníomhaíocht neartaithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinnimh inathnuaite.
- Deis ar cuireadh síneadh léi le haghaidh sineirgí le cistí agus cláir eile, go háirithe tríd an Séala Barr Feabhais agus cistiú carnach.
- Tionchar méadaithe chun dúshláin shochaíocha a shárú trí oibriú i bpáirt le Fís Eorpach, go háirithe a Misin mar thaca leis an gComhaontú Glas don Eoraip (Oiriúnú don athrú aeráide, Cathracha aeráid-neodracha, Aigéin agus Ithreacha).
- Raon feidhme geografach leathnaithe lena mbaineann Tíortha agus Críocha Thar Lear.

Leis an COI seo cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Tá struchtúr COI de réir an liosta den inneachar a shainmhínítear in Airteagal 18(2) de Rialachán LIFE agus ní thugtar aghaidh ar na fochláir leis ach ar leithligh, i gcás inar gá.

Leagtar síos creat mionsonraithe leis chun cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin a fheidhmiú agus soláthraítear leis léargas ar ghníomhaíochtaí Chlár LIFE ar feadh 4 bliana, agus dá bhrí sin éascaítear rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ionchasacha leis.

Formhór ghníomhaíochtaí chlár LIFE, déanfaidh ranna an Choimisiúin nó Gníomhaireacht Feidhmiúcháin (EA) iad a chur chun feidhme go díreach. Is laistigh de theorainneacha an tarmligin arna shainmhíniú ag an gCoimisiún, agus faoina mhaoirseacht, a ghníomhóidh EA. Leanfaidh an Coimisiún de bheith freagrach go foriomlán as an gclár.

## 2. STRUCHTÚR

De réir Airteagal 4 de Rialachán LIFE, tá clár LIFE struchtúraithe in dhá réimse – An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide – agus i gceithre fhochlár:

1. Faoi réimse an Chomhshaoil:

- An fochlár ‘an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht’;
- An fochlár ‘an Geilleagar Ciorclach agus Caighdeán na Beatha’.

2. Faoin réimse arb í Gníomhú ar son na hAeráide:

- An fochlár ‘an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don Athrú sin’;
- An fochlár ‘an tAistriú chuig Fuinneamh Glan’.

Ar feadh fhad an Chláir Oibre Ilbhliantúil seo, déantar buiséad EUR 1 801 billiún a leithdháileadh ar réimse an Chomhshaoil agus déantar buiséad EUR 1.032.5 billiún a leithdháileadh ar réimse an Ghníomhaithe ar son na hAeráide[3].

[2] Féach ‘Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach’ (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28).

[3] Ar na méideanna sin ní áirítear na caiteachais tacaíochta, ar fiú EUR 106 mhilliún iad, le haghaidh thréimhse an Chláir Oibre Ilbhliantúil.

Tugtar tuairisc ar gach fochlár thíos mar aon leis na cuspóirí agus na réimsí idirghabhála gaolmhara.

I gcur chun feidhme gach fochláir, féachfaidh an Coimisiún lena áirithiú go mbainfear amach le gach gníomhaíocht an mionn glas ‘gan dochar a dhéanamh’[4] agus nach ndéanfar dochar leis sin d’aon cheann de chuspóirí na bhfochlár eile[5], agus féachfaidh sé le sineirgí a fhorbairt san am céanna d’fhonn fís iomlánaíoch maidir leis an gcomhshaol a shaothrú.

## 2.1. An fochlár ‘an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht’ agus réimsí idirghabhála gaolmhara

I gcomhréir le cuspóirí sonracha an clár a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán LIFE, is é is aidhm don fhochlár ‘an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht’:

- uas-scálú teicnící, modhanna agus cur chuige nuálach a fhorbairt, a léiriú, a chur chun cinn agus a spreagadh (lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe agus cuir chuige éiceachórais) chun na cuspóirí a leagtar amach faoi reachtaíocht agus beartas an Aontais maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht, nó faoi reachtaíocht agus beartas an Aontais a bhaineann leis sin, a bhaint amach, agus chun rannchuidiú leis an mbonn eolais agus le cur i bhfeidhm dea-chleachtas, lena n-áirítear trí thacú le líonra Natura 2000;
- tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht, nó reachtaíocht agus bheartas an Aontais a bhaineann leis sin, agus tacú le faireachán ar an reachtaíocht agus ar an mbeartas sin, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an rialachas ar gach leibhéal, go háirithe trí acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú, agus aird chuí á tabhairt ar na rannchuidithe féideartha arna soláthar ag eolaíocht na saoránach[6];
- gníomhú mar chatalaíoch le haghaidh úsáid mhórscála réiteach/cur chuige rathúil chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht a chur chun feidhme trí thorthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus phríobháideach, infheistíocht a shlógadh agus feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú.

B’uirlis fhíorthábhachtach é LIFE lena dtacaítear le cur chun feidhme na Treorach maidir le hÉin agus na Treorach maidir le Gnáthóga ó 1992 agus bhí ról lárnach aige, agus i gcásanna áirithe, bhí ról ríthábhachtach aige, chun bunú líonra Natura 2000 a áirithiú.

4 Féach: https://ec.europa.eu/info/publications/communication-european-green-deal_ga

5 Mar shampla, trí obair an Choimisiúin Eorpaigh maidir le maoiniú inbhuanaithe a chur san áireamh, lena n-áirítear Tacsanomaíocht an Aontais (https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/banking-andfinance/sustainable-finance_ga).

6 Obair eolaíoch arna déanamh ag daoine den phobal, i gcomhar le heolaithe gairmiúla agus institiúidí eolaíocha go minic, sin nó faoina stiúir.

Leis an tseiceáil oiriúnachta ar na Treoracha maidir leis an Dúlra[7], leis an bplean gníomhaíochta maidir leis an dúlra, le daoine agus leis an ngeilleagar[8] agus le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[9] chomh maith leis sin, cuirtear i dtábhacht an gá a bhaineann le cistiú a mhéadú le haghaidh an dúlra agus na bithéagsúlachta.

Beidh fochlár 'an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht' ina rannchuidiú le cuspóirí an Aontais Eorpaigh chun caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chothabháil agus a athbhunú ina éiceachórais mhuirí, fionnuisce agus talún, mar a leagtar amach sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht[10], i gCoinbhinsiún Bheirn[11]. Go háirithe, beidh sé ina rannchuidiú le baint amach chuspóirí Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030[12], na Treorach maidir le hÉin[13] agus na Treorach maidir le Gnáthóga[14], an Rialacháin maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha[15] agus cuspóirí ábhartha chomh maith leis sin faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí[16], an Treoir Réime maidir le hUisce[17], agus an Straitéis Eorpach um na Réigiúin is Forimeallaí[18].

Leithdháiltear méid táscach EUR 1 103,5 billiún ar an bhfochlár 'an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht' le haghaidh na tréimhse 2021-2024.

Déanfar an fochlár maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht a chur chun feidhme go príomha trí na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. leanúint an chur chuige thraidisiúnta ó bhun aníos, arb é is aidhm dó bearta praiticiúla agus éifeachtacha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar stádas caomhantais

7 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2016) 472 final an 16 Nollaig 2016 'Seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir leis an Dúlra (an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú' (dá ngairtear 'an tseiceáil oiriúnachta ar an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga' anseo feasta).

8 Teachtaireacht COM(2017) 198 final an 27 Aibreán 2017 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Plean gníomhaíochta maidir leis an dúlra, le daoine agus leis an ngeilleagar'.

9 COM(2019) 640 final Féach: https://ec.europa.eu/environment/strategy/biodiversity-strategy-2030_en.

10 Arna fhormheas le Cinneadh 93/626/CEE ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (IO L 309, 13.12.1993, lch. 1).

11 An Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Fhiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha na hEorpa, arna fhormheas le Cinneadh 82/72/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1981 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga nádúrtha na hEorpa (IO L 38, 10.2.1982, lch. 1).

12 Féach: https://ec.europa.eu/environment/strategy/biodiversity-strategy-2030_ga

13 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

14 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

15 Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35)

16 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

17 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

18 Féach Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste na Réigiún agus chuig an m Banc Eorpach Infheistíochta 'A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions' [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas] (COM(2017) 0623).

speiceas agus gnáthóg, sláinte éiceachóras agus seirbhísí gaolmhara, trí Thionscadail Ghníomhaíochta Chaighdeánacha a chomhchistiú (TGCanna, féach roinn 4.1.1 thíos). Ba cheart gach TGC a bheith deartha chun go mbainfear amach, mar thoradh díreach ar a gcur chun feidhme, feabhsuithe inbhraite le haghaidh speiceas, gnáthóg agus éiceachóras agus seirbhísí gaolmhara, atá le sainmhíniú ar bhonn cuspóirí sonracha agus intomhaiste (SMART). Ar an bhforiomlán tá TGCanna dírithe ar an méid seo a leanas: (1) bearta caomhantais agus athbhunaithe limistéarbhunaithe ('spás le haghaidh an dúlra') agus (2) bearta sonracha breise atá spriocdhírithe ar speicis agus éiceachórais/gnáthóga le bearta seachas bearta limistéarbhunaithe ('ár speicis agus ár ngnáthóga a chosaint/a choimirciú');

2. leanúint den chur chuige comhtháite chun tacú le cur chun feidhme iomlán Creataí Gníomhaíochta Tosaíochta náisiúnta nó réigiúnacha (CGTanna)[19] agus ionstraimí pleanála eile de chuid an Aontais a bhaineann le beartas bithéagsúlachta, trí Thionscadail Straitéiseacha maidir leis an Dúlra (SNAPanna, féach roinn 4.1.2. thíos). Le SNAPanna cuimsítear fothú acmhainneachta agus príomhshruthú gníomhaíochta, lena n-áirítear trí fhoinsí cistiúcháin eile a shlógadh le haghaidh an dúlra agus na bithéagsúlachta. Féadfar gníomhaíochtaí caomhantais sonracha a áireamh ar SNAPanna freisin, go háirithe i gcás nach féidir tacú leo trí mhaoiniú breise a shlógadh ó chláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais (féach roinn 4.1.2 thíos maidir le SNAPanna);

3. cur chuige struchtúrtha chun tacú le cur chun feidhme tosaíochtaí beartais sonracha, trí ghlaonna tiomnaithe faoi 'Gníomhaíochtaí Eile' (GEnna – féach roinn 4.1.4 thíos);

4. Tionscadail Chúnaimh Theicniúil (TA), mar a shainmhínítear i roinn 4.1.3 thíos.

Is féidir an méid seo a leanas a chumhdach sna cineálacha gníomhaíochtaí thuas:

(1) bearta chun caomhnú agus athbhunú limistéarbhunaithe a chur chun cinn agus chun tacú leis sin ('spás le haghaidh an dúlra');

(2) bearta sonracha breise atá spriocdhírithe ar speicis ('ár speicis a choimirciú');

(3) rialachas chun éascaíocht a dhéanamh d'athrú iompraíochta agus/nó athrú i gcleachtais, bainistíocht ithreach, talún agus uisce, lena n-áirítear i limistéir mhuirí, agus caomhnú acmhainní nádúrtha chomh maith leis sin, lena n-áirítear trí thacú le cur chun feidhme Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030[20] agus Straitéis Foraoise an Aontais atá ar na bacáin chun cuspóirí bithéagsúlachta a phríomhshruthú in earnálacha ábhartha, chun an acmhainneacht a fhothú ar gach leibhéal agus feabhas a chur ar an mbunús eolais maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear chun críoch faireacháin, cuntasaíochta agus tuairisciúcháin, measúnúcháin agus meastóireachta *ex post*;

(4) Dearbhú maidir le comhlíontacht chomhshaoil agus rochtain ar an gceartas.

Beidh na gníomhaíochtaí thuas spriocdhírithe, i measc nithe eile, ar chur chun feidhme na Treorach ón Aontas maidir le Gnáthóga agus na Treorach ón Aontas maidir le hÉin agus an Rialacháin maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha, aisiompú an mheatha ar phailneoirí, athbhunú éiceachóras atá díghrádaithe agus ar mhórán carbóin agus feabhsú folláine agus athléimneachta foraoisí.

---

19 Arna bhunú de bhun Airteagal 8 de Threoir 92/43

20 COM(2019)640 final

## 2.2. An fochlár 'an Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht saoil' agus réimsí idirghabhála gaolmhara

Seo a leanas cuspóirí sonracha an fhochláir 'an Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht saoil':

- teicnící, modhanna agus cuir chuige nuálacha a fhorbairt, a léiriú agus a chur chun cinn chun cuspóirí reachtaíocht agus bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol a bhaint amach, agus rannchuidiú leis an mbonn eolais agus, i gcás inarb ábhartha, le cur i bhfeidhm dea-chleachtas;
- tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais maidir leis an gcomhshaol, agus tacú le faireachán ar an reachtaíocht agus ar an mbeartas sin, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an rialachas ar gach leibhéal, go háirithe trí acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú;
- cur chun feidhme úsáid mhórscála na réiteach rathúil agus teicniúil a thionscnamh, mar aon le réitigh a bhaineann le beartais, chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais maidir leis an gcomhshaol a chur chun feidhme, trí thorthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus phríobháideach, infheistíocht a shlógadh agus feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú.

Is é is aidhm don fhochlár seo éascaíocht a dhéanamh don aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe, ciorclach, fuinneamhéifeachtúil agus athléimneach ó thaobh na haeráide de agus do chomhshaol atá saor ó thocsainí, agus is é is aidhm dó freisin cáilíocht an chomhshaoil a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú.

Beidh sé ina rannchuidiú leis na tosaíochtaí ábhartha de chuid an Aontais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- laghdú a dhéanamh ar thomhailt acmhainní agus éascaíocht a dhéanamh don aistriú i dtreo comhshaol atá inbhuanaithe, ciorclach, saor ó thocsainí, fuinneamhéifeachtúil agus athléimneach ó thaobh na haeráide de;
- córais chiorclacha a fhorbairt, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach[21] agus léiriú a dhéanamh ar an mbéim a leagtar ann ar tháirgí inbhuanaithe, earnálacha atá dian ar ábhar agus fuinneamh agus samhlacha gnó ciorclacha le haghaidh coinneáil luacha. Tabharfar aird shonrach ar thionscadail ó na hoileáin agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas.
- giniúint dramhaíola a laghdú i gcomhréir leis an Treoir Réime maidir le Dramhaíl[22] agus laghdú a dhéanamh ar dhramhaíl ghuaiseach i bhfianaise ghealltanas an Aontais faoi Choinbhinsiún Basel[23];
- feabhas ar chur ar bhainistíocht dramhaíola maidir le bailiú agus stóráil dramhaíola, roghanna téarnaimh agus diúscairt deireadh ré, lena n-áirítear in oileáin, limistéir chósta nó thalún iargúlta, agus na Réigiúin is Forimeallaí ina bhfuil dúshláin shonracha roimh an mbainistíocht dramhaíola;

[21] COM(2020) 98 final 'Plean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche'

[22] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint an hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe

[23] http://www.basel.int/TheConvention/Overview/TextoftheConvention/tabid/1275/Default.aspx

- laghdú a dhéanamh ar thruailleáin aeir agus farraigí, agus aer agus farraigí glana a áirithiú le haghaidh shaoránaigh an Aontais i gcomhréir le *acquis*Aontais agus cuspóirí an phlean gníomhaíochta um thruailliú nialasach;
- dea-stádas dhobharlaigh an Aontais a bhaint amach agus a choinneáil ar bun;
- uisce dromchla agus screamhuisce glan a áirithiú, i gcainníochtaí leordhóthanacha le haghaidh daoine agus speicis eile, lena n-áirítear trí éifeachtúlacht úsáide uisce a mhéadú;
- laghdú a dhéanamh ar tháirgeadh, úsáid agus astaíochtaí ceimiceán guaiseach agus chomh maith leis sin, laghdú a dhéanamh ar neamhchosaint daoine agus an chomhshaoil ar na ceimiceáin sin;
- forbairt, tráchtálú agus glacadh substaintí, ábhar agus táirgí atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh a chur chun cinn;
- neamhchosaint ar leibhéil torainn dhíobhálacha a laghdú;
- cáilíocht ithir an Aontais a chosaint, díghrádú ithreach a chosc agus athléimneacht ithreacha i leith bagairtí aeráide a mhéadú agus fású a chomhrac trí chleachtais inbhuanaithe maidir le bainistíocht ithreach agus talún, gníomhaíocht feabhais a dhéanamh maidir le truailliú ithreach agus an acmhainneacht a fheabhsú chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce trí sceitheadh níotráite laghdaithe agus chun astaíochtaí a laghdú trí stóráil carbóin agus séalú ithreach a chosc agus a mhaolú.

Leithdháiltear méid táscach EUR 697.5 milliún ar an bhfochlár 'an Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Saoil' le haghaidh na tréimhse 2021-2024.

Úsáidfear an méid sin chun TGCanna, Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha (SIPanna) agus GEnna a mhaoiniú go príomha ag díriú ar an méid seo a leanas:

- An geilleagar ciorclach, lena n-áirítear gnóthú acmhainní ó dhramhaíl, chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo comhshaol ciorclach, aeráidneodrach, inbhuanaithe agus saor ó thocsainí, i gcás:
  - ✓ ina ndéanfar an luach atá ar tháirgí, ábhair agus acmhainní a uasmhéadú agus a choinneáil ar bun sa gheilleagar chomh fada agus is féidir;
  - ✓ ina mbeidh monarú agus úsáid táirgí inbhuanaithe agus;
  - ✓ ina ndéanfar giniúint dramhaíola agus láithreacht substaintí díobhálacha a íoslaghdú.

  Áirítear sa mhéid sin gníomhaíochtaí ar tháirgí atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh, maidir le táirgeadh agus tomhailt chiorclach agus inbhuanaithe chomh maith le gníomhaíochtaí chun deisiú, athúsáid, athmhonarú agus athchúrsáil ábhar agus táirgí a mhéadú. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí, uirlisí agus cuir chuige inbhuanaithe a fhorbraítear faoi raon feidhme an Gheilleagair Ghoirm Inbhuanaithe, amhail in-athchúrsáilteacht fheabhsaithe bonneagar inathnuaite fuinnimh eischósta nó deisiú/athúsáid líonta iascaireachta agus seachtháirgí iascaigh/dobharshaothraithe (e.g. gainní éisc, blaoscanna, etc.).

  Cuimsítear gníomhaíochtaí ann freisin chun tacú le forbairt a dhéanamh ar shamhlacha gnó an gheilleagair chiorclaigh[24] agus córais slabhra soláthair níos giorra agus níos éagsúlaithe lena n-íoslaghdaítear an tionchar comhshaoil agus lena laghdaítear spleáchas seachtrach. Ba cheart iad sin a bheith bunaithe ar bhearta cuimsitheacha atá spriocdhírithe ar shaolré iomlán táirgí agus ábhar.

[24] Samhlacha gnó a cheaptar chun táirgí agus ábhair a choimeád in úsáid, chomh fada agus is féidir agus cur leis an úsáid a bhaintear astu chun an t-uasluach a fháil uathu.

Maidir le gnóthú acmhainní ó dhramhaíl, cuimsítear gníomhaíochtaí ann i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola chun dramhaíl a chosc, chun deisiú agus athúsáid táirge a mhéadú, chun feabhas a chur ar shórtáil agus dí-éilliú sruthanna dramhaíola, agus chun athchúrsáil shábháilte agus ardcháilíochta ábhar agus táirgí a mhéadú ar bhonn córais bhailiúcháin ar leithligh atá stóinsithe agus forleathan.

I bhfianaise a n-ardúsáide acmhainní agus a n-acmhainneachta ciorclaíochta, príomhshlabhraí luacha táirge[25] amhail teicstílí, ceimiceáin (lena n-áirítear plaistigh), tógáil agus foirgnimh, leictreonaic agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), agus ceallraí agus feithiclí, tabharfar aird shonrach orthu le gníomhaíochtaí a bheidh le cur chun feidhme i ngach céim de na saolréanna ábhartha agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile rannpháirteach ann sin.

- An comhshaol agus an tsláinte: bainistíocht inbhuanaithe bunaithe ar chosaint fhadtéarmach acmhainní nádúrtha agus amhábhar, táirgeadh earraí agus soláthar seirbhísí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol d'fhonn deireadh a chur leis na héifeachtaí dochracha agus na tionchair dhiúltacha ar shláinte agus dea-bhail shaoránaigh an Aontais, d'fhonn iad sin a chosc nó a íoslaghdú, agus feabhas a chur ar chaighdeán beatha na saoránach sin, agus feabhas a chur chomh maith leis sin ar an gcomhshaol agus ar a éiceachórais mhuirí agus talún, lena n-áirítear:
    - Uisce agus farraigí. Cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla a chosaint agus feabhas a chur uirthi agus truailleáin uisce agus mhuirí a chosc agus deireadh a chur leo d'fhonn dea-stádas ceimiceach agus éiceolaíoch dhobharlaigh uile an Aontais a bhaint amach agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear bogaigh, an comhshaol muirí, agus cainníocht an uisce a chosaint go gníomhach agus na brúnna gaolmhara uile a laghdú chomh maith leis sin;
    - Aer agus Torann. Cosaint an aeir agus feabhsú cháilíocht an aeir trí thruailleáin aeir agus torann a chosc agus/nó a laghdú, go háirithe sa chomhshaol uirbeach;
    - Ithir. Sláinte ithreach a athbhunú, a leasú, a chosaint agus a fheabhsú, laistigh de theorainneacha éiceachórais nádúrtha nó bhainistithe, chun seirbhísí éiceachórais a sholáthar, go háirithe chun táirgiúlacht plandaí agus ainmhithe a chothú, cáilíocht an aeir agus uisce a choinneáil ar bun nó a fheabhsú, agus tacú le sláinte an duine agus gnáthóga agus chun cailliúint ithreach a chosc;
    - Bainistíocht ceimiceán. Úsáid níos inbhuanaithe a bhaint as substaintí agus meascáin cheimiceacha, ar leithligh agus in earraí agus i dtáirgí deiridh (lena n-áirítear e.g. lotnaidicídí, leasacháin, ábhair fhrithmhiocróbacha agus nana-ábhair), faisnéis níos fearr maidir le cion ceimiceach táirgí deiridh, cosc timpistí agus ceannach feasach gaolmhar, lena n-áirítear cothú idirnascachta i leith bainistíocht riosca ceimiceán, ciorclaíocht ábhar agus an athraithe aeráide.
- Tionscadail rialachais comhshaoil chun athrú iompraíochta a dhreasú, rud a thacóidh le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[26], fothú acmhainneachta ar gach leibhéal, lena n-áirítear le haghaidh na sochaí sibhialta, príomhshruthú cuspóirí comhshaoil, gníomhaíochtaí ciorclacha agus éifeachtúlachta acmhainne in earnálacha ábhartha, feabhsú an bhoinn eolais maidir leis an gcomhshaol, lena n-áirítear glasú infheistíochtaí, faireachán, cuntasaíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcomhshaol agus rannchuidiú le faireachán, measúnú agus meastóireacht *ex post*a dhéanamh ar bheartais.

[25] Mar a shainmhínítear in COM(2020) 98 final.

[26] COM(2019)640 final.

- Tionscnamh uileghabhálach Bauhaus Eorpach Nua (NEB). Is é a bheidh ann tionscadal comhshaoil, eacnamaíoch agus cultúrtha chun dearadh, inbhuanaitheacht, inrochtaineacht agus inacmhainne a chomhcheangal chun cuidiú leis an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach. Leis an tionscnamh sin cuirfear an dúlra agus eilimintí bithéagsúlachta san áireamh freisin.

## 2.3. An fochlár 'an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don Athrú sin' agus réimsí idirghabhála gaolmhara

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an fhochláir 'an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don Athrú sin':

- teicnící, modhanna agus cuir chuige nuálacha a fhorbairt, a léiriú agus a chur chun cinn chun cuspóirí reachtaíocht agus bheartais an Aontais a bhaint amach maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus rannchuidiú leis an mbonn eolais agus le cur i bhfeidhm dea-chleachtas;
- tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus tacú le faireachán ar an reachtaíocht agus ar an mbeartas sin, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an rialachas ar gach leibhéal, go háirithe trí acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú;
- gníomhú mar chatalaíoch le haghaidh úsáid mhórscála réiteach beartais rathúil agus teicniúil chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme, trí thorthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus phríobháideach, infheistíocht a shlógadh agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú.

Beidh Clár LIFE ina rannchuidiú le claochlú an Aontais ina shochaí aeráidneodrach agus athléimneach, trí thacú le cur chun feidhme bheartas aeráide an Aontais mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip[27] agus an tAontas a ullmhú do na dúshláin aeráide sna blianta agus sna deacáidí atá le teacht.

Is é atá sa bhuiséad táscach a leithdháiltear ar an bhfochlár 'an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don Athrú sin' le haghaidh na tréimhse 2021-2024 EUR 505.5 milliún. Caithfear an chuid is mó de ar dheontais, go háirithe, ach ní go heisiach, ar TGCanna agus SIPanna.

Seo a leanas a réimsí idirghabhála:

- An Maolú ar an Athrú Aeráide
  - Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, lena n-áirítear gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus substaintí ídithe ózóin, i gcomhréir le sprioc aeráidneodrachta an Aontais agus feabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar an gcreat beartais agus margaidh chun táirgí agus seirbhísí ísealcharbóin nó fuinneamhéifeachtúla a fhorbairt agus a chur á n-úsáid, agus trí aistriú na hearnála iompair a chur chun cinn chomh maith leis sin.
  - Feidhmiú an Chórais Trádála Astaíochtaí a fheabhsú.
  - Tacaíocht le haghaidh cleachtais bainistíochta talún, foraoise, ithreach, farraige agus aigéin inbhuanaithe, lena laghdaítear astaíochtaí nó lena mbaintear CO2 den atmaisféar.

[27] COM(2019)640 final.

- Réitigh a fhorbairt agus a chur chun cinn chun CO2 a bhaint/a cheapadh den atmaisféar. Is féidir le gabháil carbóin agus baint carbóin a bheith dúlrabhunaithe agus ceangailte le tionscadail athbhunaithe nó a bheith ag brath ar stóráil i meáin fhadtéarmacha shonracha nó úsáid táirgí fadtréimhseacha.

• Oiriúnú don athrú aeráide

  - Tacú le forbairt beartais i ndáil le hoiriúnú, agus feabhas a chur ar straitéisí agus pleananna um oiriúnú ar gach leibhéal agus i ngach earnáil, i gcomhréir leis an Straitéis nua ón Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[28];

  - Feabhas a chur ar úsáid uirlisí agus réiteach úrscothachta, an úsáid sin a chur chun cinn agus a uas-scálú le haghaidh samhaltú oiriúniúcháin, measúnú riosca, bainistíocht riosca agus tacaíocht chinnte; faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnú; agus uirlisí measúnúcháin tionscadail *ex ante*chun gur fearr is féidir comhthairbhí a shainaithint chomh maith le tionchair dhearfacha tionscadal oiriúnúcháin agus coisc ar an ngeilleagar;

  - Tacú le rolladh amach réiteach dúlrabhunaithe inmharthana sa bhainistíocht ar limistéir thalún, chósta agus mhuirí lena n-áirítear trí mheasúnuithe, treoraíocht, fothú acmhainneachta, agus cuir chuige airgeadais agus táirgí oiriúnacha;

  - Cuir chuige agus réitigh chun cathracha agus réigiúin a oiriúnú don athrú aeráide, go háirithe mar thacaíocht le Cúnant na Méaraí agus le Cúnant Domhanda na Méaraí agus leis an gComhshocrú Aeráide Eorpach;

  - Cuir chuige agus réitigh chun soláthar cobhsaí agus slán fionnuisce ardcháilíochta a áirithiú, triomach a chosc, úsáid uisce a laghdú, bogaigh a chosaint agus a athbhunú, agus tuilte a chosc;

  - Réitigh chun athléimneacht bonneagair agus foirgneamh a dhíonadh ar an aeráid agus a fheabhsú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as bonneagar gormghlas agus trí chomhar le heagraíochtaí um chaighdeánú;

  - Tacú le hullmhacht do theagmhais adhaimsire, go háirithe ar leibhéal áitiúil agus sna réigiúin is forimeallaí;

  - Ionstraimí airgeadais agus réitigh nuálacha a chur chun cinn chun déileáil le rioscaí a thagann chun cinn de dheasca na haeráide, agus comhar poiblí príobháideach a chur chun cinn chun laghdú a dhéanamh ar an sciar de chaillteanais eacnamaíocha neamhárachaithe a bhaineann leis an gcomhshaol, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar bhailiú sonraí caillteanais eacnamaíoch a bhaineann leis an aeráid agus trí fheabhas a chur ar rochtain ar na sonraí sin.

• Rialachas agus Faisnéis maidir leis an Athrú Aeráide, lena n-áireofar gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le maolú ar an athrú aeráide nó oiriúnú don athrú sin:

  - Athruithe in iompraíocht agus i gcleachtais a dhreasú, chomh maith le feabhas a chur ar eolas agus feasacht na saoránach, go háirithe trí thacú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe Aeráide Eorpaigh [29] , príomhshruthú gníomhaíochtaí laghdaithe astaíochta agus éifeachtúlachta acmhainne in earnálacha ábhartha;

  - Straitéisí aeráide agus fuinnimh nó straitéisí lár an chéid a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;

[28] COM(2021)82 final

[29] COM(2019)640 final

- Feabhas a chur ar fhaireachán, cuntasaíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar ghás ceaptha teasa agus rannchuidiú le faireachán, measúnú agus meastóireacht *ex post* a dhéanamh ar bheartais;
- Faisnéis maidir le dea-chleachtais agus múscailt feasachta maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, lena n-áirítear maidir le díonadh ar an athrú aeráide i leith infheistíocht bhonneagair agus beartais bhonneagair;
- Seirbhísí aeráide a fhorbairt agus an eolaíocht aeráide a chur chun cinn;
- Ionstraimí maoiniúcháin inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn agus tacaíocht le haghaidh taidhleoireacht aeráide.

Leis an bhfochlár an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don athrú sin, féadfar gníomhaíochtaí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite a chumhdach, a mhéid nach gcumhdaítear iad le glaonna an fhochláir arb é an tAistriú chuig Fuinneamh Glan sa bhliain chéanna sin.

## 2.4. An fochlár 'an tAistriú chuig Fuinneamh Glan' agus réimsí idirghabhála gaolmhara

Seo a leanas cuspóirí sonracha an fhochláir 'an tAistriú chuig Fuinneamh Glan':

- teicnící**,** modhanna agus cuir chuige nuálacha a fhorbairt, a léiriú agus a chur chun cinn chun cuspóirí reachtaíocht agus bheartais an Aontais a bhaint amach maidir leis an aistriú chuig fuinnimh inathnuaite inbhuanaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe, agus rannchuidiú leis an mbonn eolais agus le cur i bhfeidhm dea-chleachtais;
- tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais maidir leis an aistriú chuig fuinneamh inathnuaite inbhuanaithe nó éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe, agus tacú le faireachán ar an reachtaíocht agus ar an mbeartas sin, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an rialachas ar gach leibhéal, go háirithe trí acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú;
- gníomhú mar chatalaíoch le haghaidh úsáid mhórscála réiteach beartais rathúil agus teicniúil chun reachtaíocht ábhartha an Aontais a chur chun feidhme maidir leis an aistriú chuig fuinneamh inathnuaite nó éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe, trí thorthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus phríobháideach, infheistíocht a shlógadh agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú.

Leis an bhfochlár sin cisteofar na gníomhaíochtaí lena bhfreagraítear do na topaicí sonracha a shainmhínítear sna glaonna bliantúla ar thograí atá bunaithe ar an liosta topaicí tosaíochta. Gníomhaíochtaí eile a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite, nach dtugtar aghaidh leo ar cheanglais shonracha na nglaonna a shainmhínítear faoin bhfochlár seo, is féidir iad a chur isteach chuig na glaonna faoin bhfochlár an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don Mhaolú sin.

Tá sé d'aidhm ag an bhfochlár an t-aistriú a éascú i dtreo geilleagar fuinneamhéifeachtúil, aeráid-díonach agus aeráidneodrach, atá bunaithe ar an bhfuinneamh in-athnuaite trí ghníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta a chistiú ar fud na hEorpa. Tá sé d'aidhm ag na gníomhaíochtaí sin bacainní margaidh lena gcuirtear bac ar an aistriú socheacnamaíoch chuig fuinneamh inbhuanaithe a shárú, agus is iondúil go dtéitear i gcomhar le roinnt páirtithe leasmhara beaga agus meánmhéide, roinnt gníomhaithe lena n-áirítear údaráis phoiblí áitiúla agus réigiúnacha agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha chuige sin, agus is iondúil go mbíonn tomhaltóirí rannpháirteach ann freisin.

Beidh an fochlár ina rannchuidiú le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí fuinnimh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, lena n-áirítear an tionscnamh 'rabharta athchóiriúcháin' le haghaidh earnáil na foirgníochta agus tabharfar aird chuí ann ar chríocha nach bhfuil nasctha leis na heangacha Eorpacha amhail na réigiúin is forimeallaí san Aontas. Beidh sé ina rannchuidiú le cuspóirí an Aistrithe Chóir trí na críocha agus na grúpaí saoránach sin a ndearnadh dochar dóibh de dheasca an aistrithe ó bhreosla iontaise chuig fuinneamh glan a thionlacan, trí acmhainneacht gníomhaithe a fhothú agus infheistíochtaí fuinnimh ghlain a chothú, go príomha san éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí fuinnimh atá ar fáil go háitiúil agus atá inbhuanaithe agus inathnuaite. Gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt teicneolaíochta, ní áireofar iad[30].

Leithdháiltear méid táscach EUR 527 milliún ar an bhfochlár an tAistriú chuig Fuinneamh Glan le haghaidh na tréimhse 2021-2024.

Úsáidfear cuid shuntasach den bhuiséad sin chun Gníomhaíochtaí Comhordaithe agus Tacaíochta (GCTanna) a mhaoiniú faoi dheontais GEnna ar feadh na tréimhse 4 bliana, cé nach bhfuil an fhéidearthacht chun TGCanna a mhaoiniú beartaithe ach ó 2023 ar aghaidh.

Cumhdófar léi na réimsí idirghabhála seo a leanas:

- **Creat beartais náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a thógáil lena dtacaítear leis an aistriú chuig fuinneamh glan:**

  Comhleanúnachas rialachas an aistrithe fuinnimh a mhéadú ar leibhéil éagsúla trí idirphlé ilpháirtithe leasmharaa fheabhsú agus acmhainneacht na n-údarás poiblí a fhothú chun beart a dhéanamh de réir briathair faoi na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus/nó pleananna agus straitéisí eile (e.g. pleananna um an aistriú cóir, straitéisí athchóirithe fadtéarmacha, straitéisí um leictriú an chórais iompair). Tacú le forbairt agus cur chun feidhme éifeachtach beartas fuinnimh ghlain, lena n-áirítear reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le táirgí agus tomhaltóirí fuinnimh, san Aontas agus i dtríú tíortha. Tacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear i gcleachtas na forálacha cumasúcháin a áirítear sa reachtaíocht Eorpach maidir le fuinneamh glan.

- **Dlús a chur le rolladh amach na teicneolaíochta, an digitiú, seirbhísí nua agus samhlacha gnó agus feabhsú na scileanna gairmiúla gaolmhara ar an margadh le haghaidh an aistrithe chuig fuinneamh glan:**

  Tacaíocht a sholáthar le haghaidh dhícharbónú na n-earnálacha foirgníochta, tionsclaíochta agus seirbhísí, trí ghlacadh margaidh réiteach nuálach a chothú, lena n-áirítear an digitiú agus dearadh ciorclach i gcomhréir le sprioc na haeráidneodrachta. Dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan trí fhorbairt seirbhísí breisluacha nua agus samhlacha gnó nuálacha a chumasú. Is gá do bhearta a bheith ag gabháil le rolladh amach teicneolaíochtaí agus réiteach nuálach, ar bearta iad lena dtugtar aghaidh ar bhacainní margaidh lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh forbairt agus úsáid scileanna agus creataí nua (lipéid, deimhnithe, caighdeáin theicneolaíocha agus neamhtheicneolaíocha[31], e.g. le haghaidh na hidir-inoibritheachta, etc.).

- **Maoiniú príobháideach a mhealladh le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe:**

  Chun infheistíochtaí i bhfuinneamh inbhuanaithe a mhéadú, is gá sreabhadh caipitil éagsúil a chur ar fáil trí aghaidh a thabhairt ar sholáthar agus éileamh an mhaoinithe, agus trí chistí poiblí a úsáid go héifeachtach. Ar na gníomhaíochtaí ó thaobh an tsoláthair de tá:

---

[30] Forbairt teicneolaíochta, taighde agus nuálaíocht le haghaidh aistriú fuinnimh ghlan, cisteofar an méid sin sa chlár Fís Eorpach.

[31] Amhail ointeolaíocht SAREF https://saref.etsi.org/

bailiú sonraí, modheolaíocht agus bainistíocht riosca fhianaisebhunaithe; comhchuibhiú sainmhínithe agus tomhais infheistíochtaí inbhuanaithe; sásraí, táirgí, seirbhísí agus cleachtais maoiniúcháin nuálacha a fhorbairt; caighdeánú agus comhiomlánú tionscadal agus infheistíochtaí; simpliú an phróisis le haghaidh infheisteoirí; fothú acmhainneachta agus idirphlé. Ba cheart gníomhaíochtaí a bheith ina rannchuidiú le beartas agus reachtaíocht an Aontais i réimse an mhaoinithe inbhuanaithe[32].

- **Tacú le tionscadail infheistíochta áitiúla agus réigiúnacha a fhorbairt:**

  Acmhainneacht údarás poiblí áitiúil agus infheisteoirí príobháideacha a fhothú, go háirithe comhinfheisteoirí pobail. Idirphlé a éascú leis an earnáil airgeadais chun infheistíochtaí fuinnimh inbhuanaithe a sholáthar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí saincheaptha lena rannchuidítear le sochaí chothrom agus aistriú fuinnimh cóir sna réigiúin de chuid an Aontais is mó atá ag brath ar bhreoslaí iontaise nó próisis diancharbóin. Soláthar poiblí fuinnimh agus oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí atá éifeachtúil ó thaobh acmhainne de a chur chun cinn. Tacú le cuir chuige shaincheaptha le haghaidh gníomhaithe áitiúla chun coincheapa infheistíochta a fhorbairt, nuálaíochtaí eagraíochtúla a chur chun feidhme agus tionscadail a chomhiomlánú. Feabhas a chur ar dhálaí margaidh agus tairiscintí seirbhísí comhtháite nua a fhorbairt le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe i bhfoirgnimh, san iompar, i gcalafoirt agus in FBManna.

- **Páirt a thabhairt do shaoránaigh agus iad a chumasú san aistriú chuig fuinneamh glan:**

  Tacú le saoránaigh chun ról gníomhach a ghlacadh san aistriú chuig fuinneamh glan, lena n-áirítear tacaíocht spriocdhírithe le haghaidh gníomhaíochtaí comhchoiteanna, tionscnaimh faoi stiúir an phobail agus na saoránach agus forbairt seirbhísí fuinnimh nua agus nuálaíochtaí sóisialta. An comhar a neartú idir údaráis áitiúla agus tionscnaimh faoi stiúir na saoránach. Tacú le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le bochtaineacht fuinnimh a laghdú. Feasacht maidir leis an bhfuinneamh agus iompraíocht maidir le fuinneamh inbhuanaithe a chothú i measc na saoránach, go háirithe an óige.

## 3. LEITHDHÁILEADH CISTÍ

Leithdháileadh cistí ilbhliantúil laistigh de gach fochlár idir cineálacha éagsúla cistiúcháin (i milliúin EUR), mar a léirítear é sa tábla thíos le haghaidh na tréimhse 2021-2024[33].

Mionsonraí breise maidir le leithdháileadh cistí de réir an chineáil deontas, lena n-áirítear an t-uasmhéid le haghaidh SNAPanna agus SIPanna, cuirtear i láthair faoi roinn 4.1.2 thíos iad.

| **I milliúin Euro** | **Méideanna a leithdháiltear ar thionscadail de bhun Airteagal 9.3 de Rialachán LIFE** | | | **Gníomhaíochtaí eile** | **Iomlán (1)+(2)+(3)+(4)** |
|---|---|---|---|---|---|
| Fochlár méideanna i milliúin Euro | (1) Tionscadail a mhaoinítear trí dheontais | (2) Oibríochta í measctha | (3) Tionscadail a mhaoinítear trí fhoirmeacha eile cistiúcháin | (4) Gníomhaíochtaí a mhaoinítear trí sholáthar agus nach gcumhdaítear faoi (3) | |

[32] https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/banking-and-finance/sustainable-finance_ga.

[33] Le haghaidh an fhochláir an tAistriú chuig Fuinneamh Glan (AFG), i ndeontais GEnna áireofar GCTanna agus Deontais chuig tairbhí sainaitheanta de bhun Airteagal 195 (f) den Rialachán Airgeadais

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.An dúlra agus an bhithéagsúlacht | 926,69 | 7,50 | 70,93 | 98,42 | 1 103,54 |
| 2.An geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil | 599,29 | 7,50 | 45,28 | 45,48 | 697,54 |
| 3.Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin | 419,07 | 0,00 | 45,25 | 41,20 | 505,52 |
| 4. An t-aistriú chuig Fuinneamh Glan | 412,22 | 0,00 | 85,00 | 29,86 | 527,08 |
| **IOMLÁN** | **2 357,27** | **15,00** | **246,46** | **214,96** | **2 833,68** |

Nóta: Ar na méideanna sin ní áirítear na caiteachais tacaíochta, ar fiú EUR 106 mhilliún iad.

Is de chineál táscach an leithdháileadh idir na cineálacha éagsúla cistiúcháin. Is féidir modhnuithe a dhéanamh laistigh de na teorainneacha seo a leanas:

- i gcomhréir le hAirteagal 5.4 de Rialachán LIFE, 60 % ar a laghad de na hacmhainní buiséadacha a leithdháiltear ar thionscadail a dtacaítear leo trí bhíthin deontais ghníomhaíochta faoi réimse an Chomhshaoil, beidh siad tiomnaithe do dheontais le haghaidh tionscadail lena dtacaítear leis an bhfochlár an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht;
- i gcomhréir le hAirteagal 9.3 de Rialachán LIFE, leithdháilfear 85 % ar a laghad de bhuiséad Chlár LIFE ar dheontais, ionstraimí airgeadais i bhfoirm oibríochtaí measctha agus tionscadail a mhaoinítear trí fhoirmeacha eile cistiúcháin a mhéid a shonraítear faoi roinn 5.5;

  Na gníomhaíochtaí a leithdháiltear ar thionscadail de bhun Airteagal 9.3 de Rialachán LIFE, is fiú EUR 2 372.27 milliún iad a sheasann do 83.7 % de bhuiséad chlár LIFE (caiteachais tacaíochta san áireamh).
- de réir Airteagal 18.4 de Rialachán LIFE, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar cistí nár úsáideadh i nglao ar thograí ar leith a ath-leithdháileadh idir na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11.2 de Rialachán LIFE laistigh den réimse céanna.

Is féidir na cistí thuas a bhainistiú faoi mhodh bainistíochta dírí nó indírí laistigh de theorainneacha an Rialacháin Airgeadais agus Rialachán LIFE.

## 4. DEONTAIS

An méid táscach foriomlán atá tiomnaithe do dheontais le haghaidh na tréimhse 2021-2024, is fiú é agus EUR 2 357.27 mbilliún, agus déantar 97.65 % de sin a shannadh go táscach do dheontais ghníomhaíochta agus déantar 2.35 % de sin a shannadh go táscach do dheontais oibriúcháin.

Figiúirí de réir an chineáil gníomhaíochtaí agus, i gcás inarb ábhartha, réimsí idirghabhála, soláthraítear thíos iad. I gcomhréir le hAirteagal 18.4 de Rialachán LIFE, d'fhéadfaí cistí nár úsáideadh ó ghlao ar thograí a ath-leithdháileadh idir na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí laistigh den réimse céanna.

I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán LIFE, ba cheart na gníomhaíochtaí a mhaoinítear le Clár LIFE a bheith oscailte go heisceachtúil do rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha na dtríú tíortha uile nach bhfuil comhlachaithe le Clár LIFE ar choinníoll:

- go bhfuil gá lena rannpháirtíocht chun cuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach chun éifeachtacht na n-idirghabhálacha arna ndéanamh san Aontas agus/nó i dtíortha agus críocha thar lear atá nasctha leis a áirithiú agus;
- go seasfaidh siad, i bprionsabal, costas a rannpháirtíochta sa ghníomhaíocht.

| **An cineál gníomhaíochta** | **Leithdháileadh i milliúin Euro** | | | | | **Ráta cómhaoinithe[34]** | **Uastréimhse incháilitheachta** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | An fochlár an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht | An fochlár an Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Saoil | An fochlár an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don Athrú sin | An fochlár an tAistriú chuig Fuinneamh Glan | Iomlán | | |
| Tionscadail Ghníomhaíochta Chaighdeánacha | 547,77 | 350,30 | 280,44 | 20,50 | 1 199,01 | 60 % ar a mhéid<br>67 % ar a mhéid nó 75 % ar a mhéid faoi choinníollacha sonracha | 10 mbliana |
| Tionscadail Straitéiseacha maidir leis an Dúlra | 280,00 | | | | 280,00 | 60 % ar a mhéid | 14 bliana |
| Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha | | 210,70 | 125,00 | 0,00 | 335,70 | 60 % ar a mhéid | 14 bliana |
| Cúnamh Teicniúil | 15,42 | 13,28 | 2,85 | 1,60 | 33,16 | 60 % ar a mhéid<br>95 % ar a mhéid faoi choinníollacha sonracha | 5 bliana |
| Gníomhaíochtaí Eile | 55,50 | 19,00 | 0,30 | 379,12 | 453,92 | 95 % ar a mhéid<br>100 % ar a mhéid le haghaidh leanúint chlár BEST | 10 mbliana |
| Deontais oibriúcháin | 28,00 | 6,00 | 10,48 | 11,00 | 55,48 | 70 % ar a mhéid | 3 bliana |
| **Iomlán** | **926,69** | **599,29** | **419,07** | **412,22** | **2 357,27** | | |

34 Ríomhtar an ráta cómhaoinithe as caiteachais incháilithe an tionscadail.

De réir fhorálacha Rialachán LIFE agus an Rialacháin Airgeadais, d'fhéadfaí cuid de na gníomhaíochtaí a liostaítear thíos a chur chun feidhme faoi mhodh bainistíochta indírí i gcás inarb iomchuí agus coinníollacha sonracha a gcur chun feidhme á gcur san áireamh.

## 4.1. Deontais Ghníomhaíochta

I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán LIFE, le clár LIFE féadfar cineálacha éagsúla deontas gníomhaíochta a sholáthar:

(1) Tionscadail Ghníomhaíochta Chaighdeánacha (SAPanna);

(2) Tionscadail Straitéiseacha maidir leis an Dúlra (SNAPanna);

(3) Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha (SIPanna);

(4) Tionscadail Cúnaimh Theicniúil (TAPanna);

(5) Gníomhaíochtaí Eile (GEnna).

### *4.1.1. Tionscadail Ghníomhaíochta Chaighdeánacha (TGCanna)*

Baineann na tionscadail sin le tionscadail thraidisiúnta LIFE arb é is aidhm dóibh:

- teicnící, modhanna agus cuir chuige nuálacha a fhorbairt, a léiriú agus a chur chun cinn;
- rannchuidiú leis an mbonn eolais agus le cur i bhfeidhm dea-chleachtas;
- tacú le forbairt, cur chun feidhme, faireachán agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar an rialachas ar gach leibhéal, go háirithe trí acmhainneachtaí gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a fheabhsú;
- gníomhú mar chatalaíoch le haghaidh úsáid mhórscála réiteach beartais rathúil agus teicniúil chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais a chur chun feidhme, trí thorthaí a mhacasamhlú, cuspóirí gaolmhara a chomhtháthú i mbeartais eile agus i gcleachtais san earnáil phoiblí agus phríobháideach, infheistíocht a shlógadh agus feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú[35].

An méid táscach a leithdháiltear ar TGCanna le haghaidh na tréimhse 2021-2024, is fiú EUR 1 999 mbilliún é, agus beidh EUR 13 mhilliún de réamh-leithdháilte ar thionscadail Bauhaus Eorpach Nua. I gcomhréir le hAirteagal 18.4 de Rialachán LIFE, d'fhéadfaí cistí nár úsáideadh ó ghlao ar thograí a ath-leithdháileadh idir na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí laistigh den réimse céanna.

4.1.1.1. Ráta cómhaoinithe

An ráta cómhaoinithe le haghaidh TGCanna, mar riail, ní sháróidh sé 60 % de chostais incháilithe iomlána an tionscadail cé is moite de thionscadail le haghaidh an Dúlra agus na Bithéagsúlachta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- aon ghnáthóg nó speiceas tosaíochta le haghaidh chur chun feidhme Threoir 92/43/CEE (an Treoir ón Aontas maidir le Gnáthóga), mar a liostaítear sna hiarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an Treoir seo;
- aon speiceas éan a mheasann an Coiste um Oiriúnú don Dul Chun Cinn Teicniúil agus Eolaíoch a bunaíodh de bhun Airteagal 16 de Threoir 2009/147/CE (an Treoir ón Aontas maidir le hÉin) gur 'tosaíocht chistiúcháin' é;

[35] Airteagal 2(4) agus Airteagal 3(2) de Rialachán LIFE

- aon chineál gnáthóige nó speicis a liostaítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga, a ndearnadh measúnú ar a stádas caomhantais mar neamhfhabhrach-dona agus treocht mheathlaitheach aige (U2-) sna measúnuithe réigiúin bithgheografacha is déanaí atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;
- aon chineál gnáthóige nó speicis (seachas speicis éan) a ndearnadh measúnú ar a stádas bagartha ar leibhéal an Aontais mar 'faoi bhagairt' nó níos measa sa leagan foilsithe is cothroime le dáta de Liostaí Dearga speiceas nó gnáthóg Eorpach (https://ec.europa.eu/environment/nature/conservation/species/redlist/index_ga.htm; agus https://ec.europa.eu/environment/nature/knowledge/redlist_ga.htm), lena n-áirítear críocha nach gcumhdaítear leis na liostaí sin;
- aon ghnáthóg nó speiceas eile i gcríocha nach gcumhdaítear le Liostaí Dearga na speiceas agus na ngnáthóg Eorpach, a ndearnadh measúnú ar a stádas bagartha mar 'faoi bhagairt' nó níos measa sa leagan foilsithe is cothroime le dáta de Liostaí Dearga IUCN le haghaidh na speiceas nó na ngnáthóg.

Le haghaidh na dtionscadal sin maidir leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht, d'fhéadfadh an ráta cómhaoinithe a bheith suas le 75 % de na costais incháilithe iomlána ar choinníoll go bhfuil an tionscadal spriocdhírithe go heisiach ar ghnáthóga agus/nó speicis tosaíochta mar a thuairiscítear thuas. Beidh ar iarratasóirí a mhaíomh ina dtogra go bhfuil na gníomhaíochtaí uile curtha in oiriúint go soiléir do thairbhiú de ghnáthóga nó speicis a cháilíonn do chómhaoiniú 75 %.

Murach sin, tionscadal atá spriocdhírithe ar ghnáthóga agus/nó speicis tosaíochta agus neamhthosaíochta, is féidir leis suas le ráta cómhaoinithe 67 % a fháil, ar choinníoll go seasann na speicis nó na gnáthóga tosaíochta sin d'fhócas soiléir den tionscadal agus go bhfuil an chuid is mó dá ghníomhaíochtaí deartha chun díriú go sainráite ar na speicis nó na gnáthóga tosaíochta ar bhealach díreach, agus tairbhí díreacha coincréiteacha á dtabhairt dóibh. Tograí lena liostaítear speicis nó gnáthóga tosaíochta nach dtairbheoidh ach ar bhealach indíreach de na gníomhaíochtaí atá beartaithe nó i gcás nach seasann na speicis ná na gnáthóga sin ach do sprioc mhion, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh an ráta cómhaoinithe 67 %.

4.1.1.2. Tréimhse incháilitheachta

10 mbliana a bheidh san uastréimhse incháilitheachta le haghaidh SAPanna. Tá údar leis sin agus castacht tionscadal áirithe á cur san áireamh agus ós rud é gur féidir go mbeidh gá le faduithe le haghaidh teagmhais gan choinne (e.g. dálaí adhaimsire).

### *4.1.2. Tionscadail Straitéiseacha (TSanna)*

Ar na TSanna tá:

(1) Tionscadail Straitéiseacha maidir leis an Dúlra;
(2) Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha.

4.1.2.1. Tionscadail Straitéiseacha maidir leis an Dúlra (SNAPanna)

De réir Airteagal 2(1) de Rialachán LIFE, le SNAPanna tacaítear le cuspóirí dúlra agus bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach trí chláir chomhleanúnacha gníomhaíochta a chur chun feidhme sna Ballstáit chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin a phríomhshruthú i mbeartais agus ionstraimí eile maoiniúcháin, lena n-áirítear trí na Creataí Gníomhaíochta Tosaíochta (CGT) a bhunaítear de bhun Threoir 92/43/CEE a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe.

Beidh na SNAPanna spriocdhírithe ar na straitéisí agus na pleananna seo a leanas:

- CGT de bhun Airteagal 8 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (an Treoir maidir le Gnáthóga) agus;
- Pleananna nó straitéisí eile arna nglacadh ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach nó ilréigiúnach ag údaráis an dúlra nó na bithéagsúlachta lena gcuirtear chun feidhme beartas nó reachtaíocht an Aontais maidir leis an dúlra agus/nó leis an mbithéagsúlacht agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí nó spriocanna sonracha agus intomhaiste, agus amlíne agus buiséad soiléir acu.

Leis na SNAPanna cuirtear den chuid is mó leis an taithí le tionscadail chomhtháite le haghaidh an dúlra faoi chlár LIFE 2014-2020. Mar sin féin, cé go raibh tionscadail chomhtháite maidir leis an dúlra dírithe go heisiach ar chur chun feidhme na gCreataí Gníomhaíochta Tosaíochta (CGTanna), tá raon feidhme níos leithne ag SNAPanna i gcomhréir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030, agus tá siad dírithe níos mó ar phríomhshruthú.

Ag brath ar riachtanais Ballstát (nó réigiún) ar leith mar a shainmhínítear i CGTanna dár gcuid nó i bpleananna eile um an dúlra agus an bhithéagsúlacht (nach mór a bheith ar fáil faoin tráth a chuirtear togra SNAPanna iomlán isteach), ar an tacar beart a bheidh le háireamh i gclár gníomhaíocht SNAP beidh an méid seo a leanas:

- tacaíocht institiúideach agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta;
- slógadh agus comhordú maoiniúcháin breise le haghaidh gníomhaíochtaí comhlántacha, go háirithe ó ionstraimí agus cláir mhaoiniúcháin eile de chuid an Aontais.

Ina theannta sin, féadfar bearta caomhantais coincréiteacha a bheith ar áireamh ar SNAPanna freisin, go háirithe i gcás nach féidir tacú leo sin trí chláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais.

Na húdaráis atá inniúil sa dúlra agus sa bhithéagsúlacht agus atá freagrach as cur chun feidhme CGT, glacfaidh siad páirt i dtograí SNAPanna, mar iarratasóirí nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, mar thairbhithe comhlachaithe.

Ba cheart dáileadh táscach na SNAPanna, sa tréimhse ó 2021-2027, a bheith mar a leanas:

| **Tagairt:**<br>**Sonraí Eurostat** | **Tíortha** | **Comhéifeacht** |
|---|---|---|
| Ballstáit bheaga (níos lú ná 30 000 km$^2$) | An Chipir, Lucsamburg, Málta, an tSlóivéin | 1 |
| Ballstáit mheánmhéide (idir 30 000 agus 100 000 km$^2$) | An Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, Poblacht na Seice, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an Ungáir | 2 |
| Ballstáit mhóra (níos mó ná 100 000 km$^2$): | An Bhulgáir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil, an Pholainn, an Rómáin, an tSualainn | 3 |

Leis an gcomhéifeacht a shanntar ar gach grúpa tíortha ainmnítear méid táscach na tacaíochta a sholáthraítear in aghaidh na tíre trí na SNAPanna sa tréimhse 2021-2027.

Leis an gcomhéifeacht sa tábla thuas soláthraítear tásc le haghaidh an sciar de chómhaoiniú ón Aontas atá ar fáil le haghaidh SNAPanna in 2021-27, agus é á chur san áireamh go

gcomhfhreagraíonn an chomhéifeacht 1 go táscach do EUR 10 milliún de chómhaoiniú ón Aontas, go gcomhfhreagraíonn an chomhéifeacht 2 do EUR 20 milliún de chómhaoiniú ón Aontas agus go gcomhfhreagraíonn an chomhéifeacht 3 do EUR 30 milliún. Cé go moltar do na Ballstáit uile togra SNAPanna mór amháin a chur isteach ar cheart méid airgeadais an togra sin a bheith bunaithe ar an tábla thuas, féadfaidh tacaíocht LIFE a bheith roinnte ina dhá SNAP nó níos mó i mBallstáit ina bhfuil údar cuí leis sin. Chun an cumhdach geografach is airde agus is féidir ar Bhallstáit an Aontais a áirithiú le SNAPanna faoi 2027, moltar go láidir do na húdaráis réigiúnacha atá ag smaoineamh ar SNAP a chur isteach dul i gcomhar le réigiúin eile agus a dtogra á ullmhú acu.

Cé go bhféachtar le cothromaíocht gheografach a áirithiú, beidh dámhachtain deontas fós iomaíoch. Ní dhámhfar aon deontas le haghaidh tograí nach bhfuil, tar éis na meastóireachta, an t-íos-scór pas bainte amach acu. Maoiniú togra ó Bhallstát, nár dámhadh deontas le haghaidh SNAPanna air go fóill, ní mheasfar gur tosaíocht é sin i gcomparáid le tograí eile ó Bhallstáit a bhfuil SNAP amháin nó níos mó acu cheana ach amháin má sháraíonn sé an t-íos-scór pas.

Moltar go láidir cur chun feidhme comhordaithe SNAPanna idir Ballstáit, agus úsáid á baint freisin as na hardáin thrasnáisiúnta chomhordúcháin agus chomhair a sholáthraítear le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais, nuair a ghlacann na Ballstáit páirt sna Straitéisí sin[36].

Níl forluí ama idir Tionscadail Chomhtháite le haghaidh an Dúlra ná SNAPanna i mBallstát/réigiún ar leith eisiata *a priori*, más ann do shoiléireacht maidir le breisluach agus comhlántacht théamach SNAP i gcomparáid leis na tionscadail chomhtháite.

4.1.2.2. Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha (TCSanna)

De réir Airteagal 2(2) de Rialachán LIFE, leis na tionscadail sin tacaítear le cur chun feidhme, ar scála réigiúnach, ilréigiúnach, náisiúnta nó trasnáisiúnta, straitéisí nó pleananna gníomhaíochta comhshaoil nó aeráide arna bhforbairt ag údaráis na mBallstát agus a cheanglaítear le reachtaíocht nó beartas sonrach an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid nó reachtaíocht nó beartas sonrach ábhartha an Aontais maidir le fuinneamh agus, ag an am céanna, áirithítear leis na tionscadail sin go bhfuil na páirtithe leasmhara rannpháirteach agus cuirtear chun cinn leo comhordú le foinse chistiúcháin amháin eile ar a laghad de chuid an Aontais nó de chineál náisiúnta nó príobháideach agus slógadh na foinse cistiúcháin sin.

Seo a leanas na straitéisí agus na pleananna a spriocdhírítear orthu leis na SIPanna:

- Faoin bhfochlár an Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Saoil:
    - An Geilleagar Ciorclach: Pleananna Gníomhaíochta, Straitéisí, Treochláir Náisiúnta nó Réigiúnacha um an nGeilleagar Ciorclach[37]

---

[36] Is createaí comhair iad straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cistí i limistéar geografach trasnáisiúnta sonrach (macrairéigiún) agus tá an comhshaol (lena n-áirítear cosaint an dúlra) agus an aeráid mar thosaíocht choiteann acu. Tá cur chuige trasearnála, rialachas il-leibhéil agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ina bpríomhghné de na Straitéisí. Le haghaidh faisnéise: https://ec.europa.eu/regional_policy/en/policy/cooperation/macro-regional-strategies/

[37] Is é is Plean Gníomhaíochta, Straitéis nó Treochlár um an nGeilleagar Ciorclach nó doiciméad comhchosúil ann doiciméad oifigiúil, arna ghlacadh tríd an nós imeachta reachtach ábhartha ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, lena dtugtar isteach fís agus lena moltar bearta/beartais chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, i gcomhréir le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta an Aontais um an nGeilleagar Ciorclach. Ba cheart cur chuige cuimsitheach a bheith ag an doiciméad, atá spriocdhírithe – i measc nithe eile – ar shaolré táirgí agus/nó ábhar. Chun go measfar go mbeidh sé incháilithe, ní mór spriocanna, gníomhaíochtaí nó bearta sonracha agus intomhaiste a bheith ag an bplean – agus amlínte soiléire aige – lena gcumasaítear rannchuidiú IP lena chur chun feidhme a rianú. Is féidir go

– a fhormheastar go hoifigiúil;

– lena n-áirítear gníomhaíochtaí, nó spriocanna, sonracha agus intomhaiste, agus amlíne shoiléir acu agus;

– atá i gcomhréir nó comhlántach le cuspóirí Phlean Gníomhaíochta an Aontais um an nGeilleagar Ciorclach.

- Dramhaíl: Pleananna Bainistithe Dramhaíola (PBDanna) náisiúnta agus réigiúnacha de bhun Airteagal 28 den Treoir Réime maidir le Dramhaíl agus/nó Pleananna um Chosc Dramhaíola arna iarraidh sin le hAirteagal 29 den Treoir Réime maidir le Dramhaíl;

- Uisce: Pleananna bainistíochta abhantraí (PBAnna) de bhun Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce, Pleananna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte (FRMPanna) de bhun na Treorach maidir le Tuilte, Straitéisí Muirí de bhun na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí;

- Aer: Pleananna um cháilíocht an aeir de bhun na Treorach maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh nó an Chláir Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir (CNRTA) de bhun na Treorach maidir le hUasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta.

• Faoin bhfochlár maidir leis an Maolú ar an Athrú Aeráide agus leis an Oiriúnú don Athrú sin:

  - Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA, an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (AE) 2018/1999);

  - Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (PGNÉF);

  - Straitéisí um oiriúnú nó pleananna gníomhaíochta náisiúnta nó réigiúnacha;

  - Pleananna gníomhaíochta uirbeacha nó pobalbhunaithe atá mar cheannródaí san aistriú chuig sochaí aeráidneodrach agus/nó aeráid-díonach;

  - Straitéisí náisiúnta, réigiúnacha nó tionscadalsonracha/earnáilsonracha um ghás ceaptha teasa a mhaolú nó treochláir um an ngeilleagar lena rannchuidítear leis an aeráidneodracht.

Féachfaidh an Coimisiún le huaschumhdach geografach a áirithiú le haghaidh SIPanna trí SIP amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit a leithdháileadh go táscach faoi gach fochlár.

Le haghaidh SIPanna ar scála trasnáisiúnta, moltar úsáid a bhaint as na hardáin thrasnáisiúnta chomhordúcháin agus chomhair arna soláthar le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais, nuair a ghlacann na Ballstáit páirt sna Straitéisí sin.

4.1.2.3. Uasmhéideanna

Tar éis na taithí dearfaí a fuarthas leis na tionscadail chomhtháite faoi LIFE 2014-2020, tá an t-uasmhéid iomlán a leithdháiltear ar SNAPanna cothrom le EUR 280 milliún, rud a sheasann do 30 % den bhuiséad foriomlán a leithdháiltear le haghaidh deontas ar an bhfochlár maidir leis an Dúlra agus leis an mBithéagsúlacht. Tá an t-uasmhéid iomlán a leithdháiltear ar SIP faoin bhfochláir maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Saoil agus an Maolú ar an Athrú Aeráide agus Oiriúnú don Athrú sin cothrom le EUR 336 mhilliún agus 33 % den bhuiséad foriomlán a leithdháiltear le haghaidh deontas ar na fochláir sin. Tá an méid

---

n-athrófar an ainmníocht e.g. straitéisí um an ngeilleagar ciorclach, treochláir um an ngeilleagar ciorclach, creataí an gheilleagair chiorclaigh, etc. Ba cheart teorainneacha beartais a dhruidim le pleananna dá mb’fhéidir é, agus ba cheart an comhordú trasaireachta a bheith i gceist leo. Measann an Coimisiún go bhfuil na creatstraitéisí sin ar cheann de na bealaí is éifeachtaí dá bhfuil ann chun an geilleagar ciorclach a thabhairt chun cinn sna Ballstáit agus molann sé go láidir do na Ballstáit iad a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

foriomlán a leithdháiltear ar SNAPanna agus SIPanna cothrom le 26 % de bhuiséad LIFE foriomlán a leithdháiltear ar dheontais.

4.1.2.4. Ráta cómhaoinithe

Le haghaidh SNAPanna agus SIPanna, ní sháróidh an ráta cómhaoinithe 60 % de chostais incháilithe iomlána an tionscadail.

4.1.2.5. Tréimhse incháilitheachta

Agus é á chur san áireamh go gcumhdaítear leis na pleananna straitéiseacha cur chun feidhme plean gníomhaíochtaí, is é a bheidh san uastréimhse incháilitheachta 14 mbliana.

### *4.1.3. Na Tionscadail Cúnaimh Theicniúil (tionscadail TA)*

De réir Airteagal 2(3) de Rialachán LIFE, féadfaidh na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheith ar áireamh i dtionscadail TA:

- An rannpháirtíocht i dtionscadail ghníomhaíochta chaighdeánacha agus ullmhú SNAPanna agus SIPanna (TA-PP);
- Ullmhú chun éascaíocht a dhéanamh d'uas-scálú agus macasamhlú torthaí ó thionscadail eile a chistítear le Clár LIFE, na cláir a tháinig roimhe nó cláir eile de chuid an Aontais agus chun ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais (TA-R) a rochtain;
- Fothú acmhainneachta údaráis na mBallstát ar íseal leibhéal a rannpháirtíochta i gclár LIFE d'fhonn feabhas a chur ar sheirbhísí na bPointí Teagmhála Náisiúnta ar fud an Aontais agus cáilíocht fhoriomlán na dtograí a cuireadh isteach (TA-CAP) a mhéadú.

Is é atá sa mhéid táscach le haghaidh thionscadail TA EUR 33.16 milliún. D'fhéadfaí sin a mhéadú leis an méid a bheartaítear le haghaidh meascadh thíos (féach roinn 5.3.1), i gcás, agus céim forbartha na hinfheistíochta gaolmhaire á cur san áireamh, ina mbeadh sé oiriúnach deontais nach ngabhann ionstraimí airgeadais leo a dhámhachtain.

Tá an réamh-leithdháileadh cistí seo a leanas beartaithe in 2021-2024, agus é á chur san áireamh go bhféadfaí cistí nár úsáideadh a ath-leithdháileadh idir cineálacha éagsúla tionscadal faoin réimse céanna i gcomhréir le hAirt. 18.4 de Rialachán LIFE:

- le haghaidh TA-PP, EUR 3.16 milliún go táscach;
- le haghaidh TA-CAP, EUR 9 milliún;
- le haghaidh TA-R, thart ar EUR 21 mhilliún.

4.1.3.1 Ráta cómhaoinithe

Is é an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh Thionscadail TA 60 % de chostais incháilithe, cé is moite de na tionscadail chun feabhas a chur ar an rannpháirtíocht éifeachtach i gclár LIFE (TA-CAP). Na tionscadail sin a bhaineann le gníomhaíochtaí údaráis na mBallstát mar a shainmhínítear in Airteagal 11.4 de Rialachán LIFE, beidh uasráta cómhaoinithe 95 % de na costais incháilithe acu de réir Airteagal 9.4 de Rialachán LIFE.

4.1.3.2 Tionscadail chun SNAPanna nó SIPanna a ullmhú (TA-PP)

Is é is aidhm do na tionscadail sin tacaíocht airgeadais a sholáthar chun cuidiú le hiarratasóirí SNAP nó SIP a ullmhú le haghaidh uasranníocaíocht LIFE EUR 70 000.

Baineann siad le leanúint na dtionscadal cúnaimh theicniúil a mhaoinítear faoi chlár LIFE 2014-2020.

4.1.3.3. Tionscadail chun éascaíocht a dhéanamh d'uas-scálú nó macasamhlú torthaí (TA-R)

Is é is aidhm do na tionscadail sin éascaíocht a dhéanamh d'uas-scálú nó macasamhlú torthaí a chistítear faoi chlár LIFE nó, i gcás inarb ábhartha chun cuspóirí chlár LIFE a chomhlíonadh,

faoi chistí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí rochtain ar ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais a ullmhú.

Leis na tionscadail sin d'fhéadfaí na gníomhaíochtaí is gá a chómhaoiniú:

(1) chun ullmhú d'uas-scálú agus/nó macasamhlú torthaí tionscadal LIFE roimhe sin nó clár eile de chuid an Aontais;

(2) chun éascaíocht a dhéanamh do rochtain oibríochta lena rannchuidítear le cuspóirí LIFE ar InvestEU nó ar ionstraimí airgeadais eile.

Is cosúil go bhfuil an tacaíocht sin le haghaidh infheistíochta agus macasamhlú ina tacaíocht straitéiseach d'fhonn tacú le teacht chun cinn infheistíochtaí glasa ar an láthair.

Cuirfear acmhainní airgeadais ar fáil chun infheistíochtaí glasa a mhaoiniú – mar shampla cruthú tionscnaimh nua maidir le caipiteal nádúrtha agus leis an ngeilleagar ciorclach faoi InvestEU lena slógfar EUR 10 mbilliún ar a laghad sna 10 mbliana atá amach romhainn, a bhfuil EUR 3 bhilliún de beartaithe le haghaidh na tréimhse 2021-2024. Mar sin féin, is minic a bhíonn bacainní móra roimh an éileamh ar infheistíochtaí i dtionscadail chomhshaoil, amhail inniúlacht riaracháin theoranta na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, easpa feasachta agus saineolas inbhuanaitheachta tionscnóirí poiblí agus príobháideacha, braistint ardriosca, gá le peirspictíocht fhadtéarmach le haghaidh thoradh airgeadais na n-infheistíochtaí agus ábhair imní maidir le hiontaofacht tionscadal ó thaobh brabúis de.

Leis sin tugtar le tuiscint go bhfuil gá le tacaíocht airgeadais thiomnaithe arb é is aidhm di cuidiú le bunú píblíne tionscadal nuálach agus inbhuanaithe.

D'fhéadfadh an tacaíocht airgeadais sin a bheith i bhfoirm deontas chun réamhstaidéir áirithe nó meascadh a dhéanamh i gcás ina mbeidh acmhainní inaisíoctha ag gabháil leis na deontais, acmhainní inaisíoctha amhail iasachtaí, maoiniú cothromais nó tacaíocht bhuiséadach (féach roinn 5.3.1).

4.1.3.4. Tionscadail le haghaidh fhothú acmhainneachta údaráis na mBallstát ar íseal leibhéal a rannpháirtíochta (TA-CAP)

Is é is aidhm do na tionscadail TA sin acmhainneacht údaráis na mBallstát a fhothú chun feabhas a chur ar an rannpháirtíocht éifeachtach i gclár LIFE.

***Rannpháirtíocht ísealéifeachtach: sainmhíniú***

Leis an gcoincheap 'rannpháirtíocht ísealéifeachtach' cuimsítear coincheapa na hísealrannpháirtíochta agus na rannpháirtíochta neamhéifeachtaí.

Déanfar an dá eilimint sin a ualú, mar a léirítear in aithris 32 de Rialachán LIFE: leis an daonra agus an dlús daonra, limistéar iomlán láithreáin Natura 2000 le haghaidh gach Ballstáit arna shloinneadh mar chion de limistéar iomlán Natura 2000, agus an cion de chríoch Ballstáit a chumhdaítear le láithreáin Natura 2000.

Le fachtóir Ballstáit, fBS, breithneofar:

- A = an daonra (% de dhaonra an Aontais)
- B = an dlús daonra (% i gcomparáid leis an dlús daonra is airde)
- C = limistéar Natura 2000 (% de limistéar iomlán Natura 2000 de chuid an Aontais)
- D = limistéar Natura 2000 (% de limistéar iomlán na mBallstát)

Ós rud é go seasann an fochlár maidir leis an Dúlra agus leis an mBithéagsúlacht do thart ar 40 % den bhuiséad iomlán, breithneofar C agus D suas le 40 %.

fBS = (A+ B) *40 % (C+ D)

Le haghaidh an tsainmhínithe ar 'rannpháirtíocht ísealéifeachtach', tá sé beartaithe ag an gCoimisiún dhá chritéar a chur san áireamh:

1. rannpháirtíocht íseal: cláraíonn tír rannpháirtíocht íseal nuair atá ráta na dtograí a chuirtear isteach roinnte ar an bhfachtóir thuas le haghaidh na tíre sin i measc an dá thrian is ísle;
2. rannpháirtíocht neamhéifeachtach: bíonn rannpháirtíocht neamhéifeachtach ag tír nuair atá an ráta ratha (an líon tionscadal a dhámhtar as na tograí a chuirtear isteach) roinnte ar an bhfachtóir thuas le haghaidh na tíre sin i measc an dá thrian is ísle.

Aon tír a thagann faoi cheann de na catagóirí thuasluaite, measfar go bhfuil sí incháilithe le haghaidh na dtionscadal sin.

D'fhéadfadh sé nach ndámhfaí ach TA-CAP amháin ar gach tír le haghaidh rannpháirtíocht ísealéifeachtach sa tréimhse a chumhdaítear leis an gClár Oibre Ilbhliantúil seo.

Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an ríomh chun an liosta de thíortha incháilithe a chinneadh agus na 3 bliana dheireanacha a bhfuil sonraí ar fáil lena n-aghaidh á gcur san áireamh. Cuirfear na torthaí i láthair na mBallstát roimh gach glao ar thograí a sheoladh.

***Gníomhaíochtaí incháilithe***

Tá coinne ag an gCoimisiún leis go mbeidh gach togra bunaithe ar anailís riachtanas lena sainaithnítear na gníomhaíochtaí is éifeachtaí lena dtugtar aghaidh ar ráta rannpháirtíochta ísle agus/nó rannpháirtíochta neamhéifeachtaí na gcineálacha éagsúla iarratasóirí (eagraíochtaí poiblí, eintitis phríobháideacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta).

Seo a leanas na gníomhaíochtaí incháilithe:

- Gníomhaíochtaí cur chun feidhme amhail gníomhaíochtaí oiliúna, feachtais faisnéise spriocdhírithe;
- Gníomhaíochtaí faireacháin agus meastóireachta chun measúnú a dhéanamh ar thionchar iarbhír na ngníomhaíochtaí cur chun feidhme;
- Gníomhaíochtaí cumarsáide agus scaipthe;
- Gníomhaíochtaí le haghaidh bainistíocht tionscadal agus rialú cáilíochta.

Tá coinne ag an gCoimisiún leis go mbeidh an buiséad comhréireach leis na gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme faoi gach tionscadal chun aghaidh a thabhairt ar ráta rannpháirtíochta ísle agus/nó neamhéifeachtaí na gcineálacha éagsúla iarratasóirí.

4.1.3.5. An uastréimhse incháilitheachta le haghaidh chur chun feidhme thionscadail TA

Agus na hábhair éagsúla a chumhdaítear le tionscadail TA á gcur san áireamh, 5 bliana a bheidh san uastréimhse incháilitheachta.

### *4.1.4. Gníomhaíochtaí Eile (GEnna)*

Shainaithin an Coimisiún roinnt riachtanais shonracha a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu trí 'Gníomhaíochtaí Eile'.

I gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 11(2) de Rialachán LIFE, le 'Gníomhaíochtaí Eile' áireofar:

- Gníomhaíochtaí Comhordaithe agus Tacaíochta (GCTanna) le haghaidh an aistrithe chuig fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe. Is é is aidhm dóibh bacainní margaidh lena gcuirtear bac ar an aistriú socheacnamaíoch chuig fuinneamh inbhuanaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe a shárú, lena n-áirítear fothú acmhainneachta, scaipeadh faisnéise agus eolais, agus múscailt feasachta;

- Saoráid Deontais Bhig maidir leis an mBithéagsúlacht (BEST);

  Ag tarraingt ar thaithí na scéimeanna deontas beag faoi chuimsiú thionscnamh BEST ón Aontas, seolfar glaonna ar thograí chun deontais bheaga a dhámhachtain (EUR 100 000 ar a mhéid de chómhaoiniú an Aontais) sna Réigiúin is Forimeallaí agus sna Tíortha agus Críocha thar Lear maidir le caomhnú na bithéagsúlachta, athbhunú éiceachórais agus úsáid inbhuanaithe seirbhísí éiceachórais, lena n-áirítear cuir chuige bunaithe ar éiceachóras i leith oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú sin;

- Tionscadail arna bhforbairt faoi chuimsiú an chomhair le Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht[38] (EIT), go háirithe tionscadail atá ina rannchuidiú le cuspóirí agus cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais um an nGeilleagar Ciorclach arna chur chun feidhme ag ollscoileanna, eagraíochtaí taighde, gnólachtaí agus/nó FBManna atá rannpháirteach in PEN;

- Deontais ghníomhaíochta a thairbhíonn de na heagraíochtaí a luaitear in Iarscríbhinn I de Rialachán LIFE (féach freisin pointe 2 de roinn 4.3 thíos);

- Tionscadail bhreise lena bhfreagraítear do thosaíochtaí reachtacha agus beartais an Aontais, d’fhéadfaí iad a chinneadh ar bhonn bliantúil freisin, tar éis comhairliúchán leis na Ballstáit (PLPanna).

- Tionscadail shonracha eile a mhaoinítear de réir Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais chun tacú le beartais an Aontais a bhaineann le réimsí an chomhshaoil agus an ghníomhaithe ar son na haeráide le sainaithint le linn chur chun feidhme an chláir oibre seo.

Is é atá sa mhéid táscach le haghaidh na GEnna EUR 454 mhilliún.

Beidh an Coimisiún níos saintreoraí sa sainmhíniú ar na glaonna ar thograí le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin ná mar atá sé i gcás glao ar thograí ón mbun aníos, inarb amhlaidh atá sainaithint na riachtanas agus réiteach gaolmhar féideartha faoi shainchúram na n-iarratasóirí.

4.1.4.1. Ráta cómhaoinithe

Is é atá san uasmhéid cómhaoinithe le haghaidh ‘Gníomhaíochtaí Eile’ 95 % de chostais incháilithe, cé is moite de dheontais bheaga le haghaidh na bithéagsúlachta sna réigiúin is forimeallaí agus i dtíortha agus críocha thar lear arb é atá iontu leanúint chlár BEST, inarb é atá i gcómhaoiniú an Aontais 100 % de chostais incháilithe.

4.1.4.2. Tréimhse incháilitheachta chun na ‘Gníomhaíochtaí Eile’ a chur chun feidhme

Agus na hábhair éagsúla a chumhdaítear leis na ‘Gníomhaíochtaí Eile’ á gcur san áireamh, 10 mbliana a bheidh san uastréimhse incháilitheachta.

## 4.2. An nós imeachta um chur isteach agus roghnú le haghaidh deontais ghníomhaíochta

Tá nósanna imeachta éagsúla beartaithe chun deontais ghníomhaíochta a dhámhachtain. Beidh rogha an nós imeachta ag brath ar an am atá ar fáil chun an glao a fhógairt agus meastóireacht a dhéanamh ar thograí agus/nó an méid tograí a bhfuil coinne leis faoi gach fochlár:

- Nós imeachta aonchéime a úsáidfear le haghaidh an mhéid seo a leanas:

[38] Tá an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) ina comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais Eorpaí a cuireadh ar bun in 2008 chun an nuálaíocht a sholáthar ar fud na hEorpa. Tugann EIT príomheagraíochtaí gnó, oideachais agus taighde le chéile chun réitigh ar dhúshláin dhomhanda a fháil.

1. tionscadail ghníomhaíochta chaighdeánacha
2. tionscadail TA agus
3. ‘Gníomhaíochtaí Eile’.

- Nós imeachta dhá chéim a úsáidfear le haghaidh an mhéid seo a leanas:

  - SNAPanna agus SIPanna

Féadfar an nós imeachta dhá chéim a úsáid le haghaidh na dtionscadal gníomhaíochta caighdeánach freisin.

### *4.2.1. Nós imeachta aonchéime le haghaidh TGCanna, thionscadail TA agus ‘Gníomhaíochtaí Eile’*

Eagrófar an nós imeachta aonchéime mar a leanas:

1. Tar éis glao ar thograí, cuirtear tograí iomlána isteach;
2. Déantar tograí a sheiceáil chun féachaint an bhfuil siad i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta, incháilitheachta, roghnúcháin agus eisiaimh. Is féidir seicheamh na seiceálacha a oiriúnú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais chun éifeachtúlacht uasta an phróisis meastóireachta a áirithiú;
3. Meastóireacht ar an togra iomlán ar bhonn na gcritéar dámhachtana a liostaítear thíos:

**1. Ábharthacht (0-20)**

- Ábharthacht an rannchuidithe le cuspóir sonrach amháin nó le cuspóirí sonracha éagsúla de chlár LIFE agus den fhochlár spriocdhírithe;
- A mhéid atá an tionscadal i gcomhréir leis an tuairisc a áirítear sa ghlao ar thograí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, a thosaíochtaí sonracha;
- Fóntacht na loighce idirghabhála foriomláine;
- A mhéid a thairgtear comhthairbhí leis an tionscadal agus a chuirtear sineirgí chun cinn leis, sineirgí atá ábhartha chun cuspóirí beartais comhshaoil agus aeráide a bhaint amach.

**2. Cáilíocht (0-20)**

- Soiléireacht, ábharthacht agus féidearthacht an phlean oibre;
- Fócas geografach iomchuí na ngníomhaíochtaí;
- Cáilíocht an phlean chun faireachán a dhéanamh ar thionchair agus iad a thuairisciú;
- Sainaithint agus slógadh na bpáirtithe leasmhara;
- Oiriúnacht agus cáilíocht na mbeart beartaithe chun an tionscadal agus a thorthaí a chur in iúl do spriocghrúpaí éagsúla agus lena scaipeadh orthu.

**3. Tionchar (0-20)**

- Uaillmhian agus inchreidteacht tionchar a bhfuil coinne leo le linn agus/nó tar éis an tionscadail de bharr na ngníomhaíochtaí beartaithe, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha ionchasacha ar chuspóirí sonracha eile chlár LIFE, lena n-áirítear a áirithiú nach ndéanfar aon díobháil shubstaintiúil do na cuspóirí sin.
- Inbhuanaitheacht thorthaí an tionscadail tar éis dheireadh an tionscadail.
- An fhéidearthacht a bhaineann le torthaí an tionscadail a mhacasamhlú san earnáil nó san áit chéanna nó in earnálacha nó áiteanna eile, nó an fhéidearthacht a bhaineann lena bheith uas-scálaithe ag gníomhaithe poiblí nó príobháideacha nó trí infheistíochtaí nó acmhainní airgeadais móra (ionchas catalaíoch) a shlógadh.
- Cáilíocht na mbeart chun úsáid a bhaint as torthaí an tionscadail.

**4. Acmhainní (0-20)**

- Comhdhéanamh fhoireann an tionscadail – de chuid cuibhreannais nó de chuid tairbhí aonair – ó thaobh saineolais, scileanna agus freagrachtaí agus oiriúnacht an struchtúir bainistíochta de.
- Oiriúnacht an bhuiséid agus na n-acmhainní agus a gcomhsheasmhacht leis an bplean oibre beartaithe.
- Trédhearcacht an bhuiséid, i.e. ba cheart tuairisc leordhóthanach a thabhairt ar na míreanna costais.
- A mhéid a mheastar agus a mhaolaítear tionchar comhshaoil an tionscadail, lena n-áirítear trí sholáthar glas a úsáid. Úsáid modhanna aitheanta chun an lorg comhshaoil tionscadail a ríomh (e.g. modhanna PEF nó LCE nó modhanna comhchosúla39) nó córais bainistíochta comhshaoil (e.g. EMAS), ba shócmhainn sin.
- Luach airgid an tionscadail bheartaithe.

4. Scóráil na dtograí

Déanfar gach critéar a scóráil ar raon 0 go 20 pointe. Tá an t-íos-scór pas le haghaidh gach critéir cothrom le 10 bpointe.

Tabharfar meáchan 1.5 do scór an chritéir 'Tionchar': déanfar na pointí a fhaigheann gach togra le haghaidh an chritéir 'tionchar' a iolrú faoi 1.5.

Tá an tairseach phas fhoriomlán, is infheidhme maidir le suim na scór aonair ualaithe, cothrom le 55 phointe.

Cuirfear na pointí bónais seo a leanas i bhfeidhm maidir le tionscadail ghníomhaíochta chaighdeánacha, agus, i gcás inarb ábhartha agus mar a shainmhínítear sa ghlao ar thograí, maidir le tionscadail TA agus maidir le 'gníomhaíochtaí eile':

- BÓNAS 1: Leis an tionscadal beartaithe tairgtear sineirgí eisceachtúla agus cuirtear comhthairbhí suntasacha chun cinn idir fochláir LIFE. (2 phointe).
- BÓNAS 2: Cuirtear an tionscadal chun feidhme go príomha sna Réigiúin is Forimeallaí. I gcás ina bhfuil gnéithe réigiúnacha sonracha ábhartha maidir leis na riachtanais ar a dtugtar aghaidh sa ghlao ar thograí, e.g. oileáin le haghaidh dramhaíola, réigiúin ar mó a lorg guail le haghaidh fuinneamh glan, etc. d'fhéadfaí síneadh a chur leis an mbónas chuig limistéir gheografacha eile ag a bhfuil riachtanais agus leochaileachtaí sonracha (2 phointe).
- BÓNAS 3: Leis an tionscadal cuirtear go substaintiúil le torthaí tionscadal eile atá cistithe ag an Aontas nó déantar iad a uas-scálú go substaintiúil leis sin. (2 phointe).
- BÓNAS 4: Leis an tionscadal tairgtear ionchas catalaíoch eisceachtúil. (2 phointe).
- BÓNAS 5: Leis an tionscadal beartaítear go bhfuil comhar trasnáisiúnta[40] i measc na mBallstát fíor-riachtanach chun baint amach chuspóirí an tionscadail a ráthú. (2 phointe).

Tá na bónais bunaithe ar chritéir tá/níl. Ní bheartaítear grádú leo: sanntar 0 pointe nó 2 phointe ar gach togra.

---

[39] E.g. RCLCTanna/ RELCEnna. Féach an liosta ar https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/PEFCR_OEFSR_en.htm?etrans=ga.

[40] Tuigfear go n-áirítear le 'comhar trasnáisiúnta' comhar idir tíortha/réigiúin chóngaracha ar an dá thaobh de theorainn náisiúnta agus comhar freisin ar an leibhéal trasnáisiúnta/macrairéigiúnach go ginearálta.

Ciallaíonn sin gurb é atá san uaslíon pointí féideartha le haghaidh tograí le haghaidh tionscadail ghníomhaíochta chaighdeánacha ná 100 pointe, cé gurb é atá san uaslíon pointí féideartha le haghaidh tograí eile (i.e. le haghaidh thionscadail TA agus 'Gníomhaíochtaí eile') ná 90, móide aon bhónas féideartha.

5. Rangú agus ullmhú liosta críochnaitheach na dtionscadal atá le cistiú.

Rangófar tograí an tionscadail, agus scór ualaithe gach critéir dámhachtana agus na pointí bónais, más ann dóibh, á gcur san áireamh. Beidh liostaí ar leithligh ann le haghaidh gach fochláir agus, laistigh de gach fochlár, i gcás inarb ábhartha le haghaidh na dtionscadal a bhaineann le topaicí rialachais agus Bauhaus Eorpach Nua.

Déanfar an liosta tionscadal a mholtar le haghaidh cistiú agus na tograí lenar baineadh amach an íostairseach agus a bhfuil buiséad ar fáil lena n-aghaidh á gcur san áireamh. I gcás scóir chomhionanna, na tograí leis an scór is airde faoi chritéar 3, tionchar, maoineofar iad.

6. Liosta ionadaithe agus Séala Barr Feabhais.

Leis an liosta ionadaithe cuimseofar na tionscadail uile lena gcomhlíontar na híoscheanglais cháilíochta (i.e. a fhaigheann na híos-scóir pas uile) ach nach féidir a chistiú i bhfianaise an bhuiséid atá ar fáil. I gcás ina bhféadfaí cistí breise a chur ar fáil, maoineofar na tionscadail sna liostaí ionadaithe in ord an rangaithe.

I gcás na dtionscadal gníomhaíochta caighdeánach, dámhfar Séala Barr Feabhais ar na tionscadail sa liosta ionadaithe i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán LIFE.

Déanfar an liosta tionscadal Séala Barr Feabhais, mar aon le tuairisc ghairid ar gach tionscadal, a tharchur chuig ranna inniúla an Choimisiúin, chuig na Pointí Teagmhála Náisiúnta agus chuig comhaltaí Choiste LIFE lena dháileadh a thuilleadh ar na húdaráis atá freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ar Chiste Sóisialta na hEorpa+ agus ar an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

D'fhéadfadh sé go bhféadfaí na tionscadail sin a mhaoiniú faoi na coinníollacha céanna (ráta cómhaoinithe, méid agus costais incháilithe) faoina mbeidís maoinithe faoi chlár LIFE.

### 4.2.2. *Nós imeachta dhá chéim le haghaidh TGCanna*

Cuirfear nós imeachta roghnúcháin dhá chéim i bhfeidhm chun TGCanna a dhámhachtain. Eagraítear an nós imeachta dámhachtana in dhá chéim: leis an gcéad chéim beartaítear cur isteach nóta coincheapa. Leis an dara céim beartaítear, le haghaidh na nótaí coincheapa a bhfuil féidearthacht réasúnach ann go ndámhfar le deontas iad, cur isteach togra iomláin. Níor cheart an nós imeachta sin a chur chun feidhme in 2021 ná in 2022.

#### ***4.2.2.1. Céim 1: nóta coincheapa***

Iarrtar ar na hiarratasóirí nóta coincheapa a chur i láthair lena léirítear príomheilimintí a dtogra. Ní mór dóibh an tacaíocht airgeadais a iarrtar a léiriú.

1. Tar éis glao ar thograí, cuirtear na nótaí coincheapa isteach.
2. Déantar na nótaí coincheapa a sheiceáil chun féachaint an bhfuil siad i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta agus incháilitheachta.
3. Déantar meastóireacht ar na nótaí coincheapa ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

| |
|---|
| **1. Ábharthacht agus tionchar (0-20)**<br>- Ábharthacht an rannchuidithe le cuspóir sonrach amháin nó le cuspóirí sonracha éagsúla de chlár LIFE agus den fhochlár spriocdhírithe.<br>- A mhéid atá an tionscadal i gcomhréir le tuairisc topaice an ghlao ar thogra. |

- Fóntacht loighic idirghabhála fhoriomlán na dtograí.
- Uaillmhian agus inchreidteacht tionchar a bhfuil coinne leo le linn agus/nó tar éis an tionscadail de bharr na ngníomhaíochtaí beartaithe, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha ionchasacha ar chuspóirí sonracha eile chlár LIFE. Leis an anailís ar an tionchar cuirfear san áireamh sainiúlachtaí an tionscadail agus a raon geografach, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, riachtanais ar leith na limistéar geografach ina bhfuil leochaileachtaí, dúshláin chomhshaoil agus/nó srianta nádúrtha sonracha.

2. **Cáilíocht agus acmhainní (0-20)**

- Soiléireacht, ábharthacht agus féidearthacht an phlean oibre.
- Inbhuanaitheacht thorthaí an tionscadail tar éis dheireadh an tionscadail.
- Luach airgid an tionscadail.

3. Déantar na nótaí coincheapa a scóráil.

Déanfar gach critéar a scóráil ar raon 0 go 20 pointe. Tá an tairseach phas fhoriomlán, is infheidhme maidir le suim na scór aonair, cothrom le 12 phointe as 40 pointe. Nótaí coincheapa nár bhain amach an íostairseach, eisiafar iad.

4. Ullmhú liosta na nótaí coincheapa atá le coinneáil agus cuireadh chun togra iomlán a chur isteach

I liosta fada na n-iarratasóirí ar a n-iarrtar togra iomlán a chur isteach áireofar na nótaí coincheapa ag a bhfuil an rangú is fearr de réir an fhochláir ar ina leith a sheasann suim na ranníocaíochtaí a iarrtar ón Aontas do 2 oiread nó 3 oiread an bhuiséid atá ar fáil. An cóimheas sonrach idir an ranníocaíocht a iarrtar ón Aontas agus an buiséad atá ar fáil, sainmhíneofar é agus méid na ranníocaíochtaí a iarrtar á chur san áireamh chomh maith le ráta ratha na dtograí iomlána faoin bhfochlár sonrach i nglaonna roimhe sin. Beidh liostaí ar leithligh ann le haghaidh gach fochláir agus, laistigh de gach fochlár, le haghaidh na dtionscadal a bhaineann le topaicí rialachais.

#### ***<u>4.2.2.2. Céim 2: togra iomlán</u>***

1. Cuirtear isteach na tograí iomlána.
2. Déantar tograí a sheiceáil chun féachaint an bhfuil siad i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta, incháilitheachta, roghnúcháin agus eisiaimh. Is féidir seicheamh na seiceálacha a oiriúnú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais chun éifeachtúlacht uasta an phróisis meastóireachta a áirithiú.
3. Déantar meastóireacht ar na tograí iomlána ar bhonn na gcritéar dámhachtana a shainmhínítear le haghaidh an nós imeachta aonchéime, lena n-áirítear na bónais éagsúla.
4. Beidh feidhm ag rangú an togra agus an Séala Barr Feabhais faoi mar atá sa nós imeachta aonchéime a thuairiscítear i roinn 4.2.1.

### *4.2.3. Nós imeachta dhá chéim le haghaidh SP*

Tá próiseas cur isteach agus roghnúcháin SNAPanna agus SIPanna bunaithe ar nós imeachta dhá chéim agus beidh feidhm aige ar fud na bhfochlár uile. Leis sin ba cheart éascaíocht a dhéanamh d’obair iarratasóirí ionchasacha agus a áirithiú go bhfaighidh siad an treoraíocht is fearr agus is féidir le linn an phróisis. Tá an sreabhadh oibre struchtúrtha ar bhealach chun bheith ag gabháil le forbairt chéimnitheach agus mionchoigeartú gach togra. Cuirtear prionsabal na córa comhionainne i gcás na dtograí uile i bhfeidhm ar feadh na gcéimeanna uile den phróiseas meastóireachta.

Tá nós imeachta dhá chéim bunaithe ar chur isteach nóta coincheapa agus togra iomláin ina dhiaidh sin. Eagraítear mar a leanas é:

***Céim 1: nóta coincheapa***

1. Tar éis glao ar thograí, cuirtear na nótaí coincheapa isteach.
2. Déantar na nótaí coincheapa a sheiceáil chun féachaint an bhfuil siad i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta agus incháilitheachta.

   Déantar meastóireacht ar na nótaí coincheapa ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

   1. **Cur chun feidhme pleananna nó straitéisí**
      - Is é is aidhm don tionscadal na pleananna nó na straitéisí a luaitear faoi mhír 4.1.2 a chur chun feidhme.
   2. **Cumhdach críochach**
      - Le cur chun feidhme an phlean nó na straitéise spriocdhírithe ón Aontas, cumhdófar limistéar críochach mór agus ionadaíoch, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach, ilréigiúnach, náisiúnta, trasnáisiúnta. Cur chuige ilchathrach nó scála críochach níos lú, féadfaidh sé a bheith inghlactha freisin le haghaidh SIPanna a dhéileálann le bainistíocht aercháilíochta fad a sholáthraítear tionchar substaintiúil leis an tionscadal.
   3. **Comhordú cistí comhlántacha**
      - Leis na gníomhaíochtaí slógfar cistiú comhlántach ó fhoinse chistiúcháin amháin de chuid an Aontais, de chineál náisiúnta nó príobháideach agus cuirfear san áireamh leo freisin cistiú ábhartha eile de chuid an Aontais, de chineál náisiúnta nó príobháideach.
      - Tá an cistiú ina chomhlánú ar SNAPanna agus SIPanna agus úsáidtear é chun tacú le gníomhaíochtaí comhlántacha agus chun iad a chur chun cinn, ar gníomhaíochtaí iad is gá chun an plean nó an straitéis spriocdhírithe a chur chun feidhme.
      - Sásraí um chomhordú an chistiúcháin chomhlántaigh, sainmhínítear go soiléir iad.
   4. **Rannpháirtíocht príomhpháirtithe leasmhara**
      - Beidh príomhpháirtithe leasmhara rannpháirteach go gníomhach i gcur chun feidhme an phlean nó na straitéise spriocdhírithe.

Déanfar measúnú ar gach critéar chun féachaint an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar é.

3. Liosta na dtionscadal a choinnítear

Na hiarratasóirí uile a chuireann isteach na tograí lena gcomhlíontar na critéir thuasluaite, iarrfar orthu togra iomlán a chur isteach.

Iarrfar ar na hiarratasóirí sin freisin a bheith rannpháirteach i gcéim ceisteanna agus freagraí i scríbhinn, ar lena linn is féidir leo ceisteanna a bhaineann le hullmhú togra iomláin a chur isteach. I ndeireadh na céime sin, cuirfear na ceisteanna agus na freagraí sin ar fáil go poiblí ar bhealach anaithnidithe chun cúnamh comhionann a thabhairt do na hiarratasóirí uile agus a dtograí iomlána á n-ullmhú. I gcás inarb iomchuí, déanfar na ceisteanna agus na freagraí a fhorlíonadh le treoraíocht maidir le deacrachtaí tipiciúla a d'fhéadfadh a bheith ag iarratasóirí agus a tháinig chun solais sna nótaí coincheapa.

***Céim 2: togra iomlán***

1. Cuirtear isteach na tograí iomlána.

2. Déantar tograí a sheiceáil chun féachaint an bhfuil siad i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta, incháilitheachta, roghnúcháin agus eisiaimh. Is féidir seicheamh na seiceálacha a oiriúnú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais chun éifeachtúlacht uasta an phróisis meastóireachta a áirithiú.

3. Meastóireacht ar an togra iomlán ar bhonn na gcritéar dámhachtana a léirítear sa tábla thíos:

**1. Ábharthacht (0-20)**

- Ábharthacht an rannchuidithe le cuspóir sonrach amháin nó le cuspóirí sonracha éagsúla de chlár LIFE agus den fhochlár spriocdhírithe.
- A mhéid atá an tionscadal i gcomhréir le tuairisc topaice an ghlao ar thogra.
- Fóntacht na loighce idirghabhála foriomláine.
- A mhéid a thairgtear comhthairbhí leis an tionscadal agus a chuirtear sineirgí chun cinn leis, sineirgí atá ábhartha chun cuspóirí beartais comhshaoil agus aeráide a bhaint amach.

**2. Cáilíocht (0-20)**

- Soiléireacht, ábharthacht agus féidearthacht an phlean oibre.
- Fócas geografach iomchuí na ngníomhaíochtaí
- Cáilíocht an phlean chun faireachán a dhéanamh ar thionchair agus iad a thuairisciú.
- Sainaithint agus slógadh na bpáirtithe leasmhara ábhartha.
- Oiriúnacht agus cáilíocht na mbeart beartaithe chun an tionscadal agus a thorthaí a chur in iúl do spriocghrúpaí éagsúla agus lena scaipeadh orthu.

**3. Cistiú comhlántach (0-20)**

- Leibhéal slógaidh cistí eile atá comhlántach le tionscadal LIFE a bheartaítear (thar an t-íosmhéid is gá le haghaidh incháilitheachta) chomh maith leis an dóchúlacht go slógfar iad iarbhír agus a nasc feidhmiúil leis an bplean nó leis an straitéis atá le cur chun feidhme
- Cáilíocht an tsásra comhordaithe chun an leas is fearr a bhaint as cistí eile, go háirithe cistí de chuid an Aontais, is gá chun straitéis/plean spriocdhírithe a chur chun feidhme
- Sainaithint, ábharthacht agus féidearthacht na ngníomhaíochtaí comhlántacha is gá

**4. Tionchar (0-20)**

- Uaillmhian agus inchreidteacht tionchar a bhfuil coinne leo le linn agus/nó tar éis an tionscadail de bharr na ngníomhaíochtaí beartaithe, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha ionchasacha ar chuspóirí sonracha eile chlár LIFE, lena áirithiú nach ndéanfar aon díobháil shubstaintiúil do na cuspóirí sin.
- Inbhuanaitheacht thorthaí an tionscadail tar éis dheireadh an tionscadail.
- An fhéidearthacht a bhaineann le torthaí an tionscadail a mhacasamhlú san earnáil nó san áit chéanna nó in earnálacha nó áiteanna eile, nó an fhéidearthacht a bhaineann lena bheith uas-scálaithe ag gníomhaithe poiblí nó príobháideacha nó trí infheistíochtaí nó acmhainní airgeadais móra (ionchas catalaíoch) a shlógadh.
- Cáilíocht na mbeart chun úsáid a bhaint as torthaí an tionscadail.

**5. Acmhainní (0-20)**

- Comhdhéanamh fhoireann an tionscadail – de chuid cuibhreannais nó de chuid tairbhí aonair – ó thaobh saineolais, scileanna agus freagrachtaí agus oiriúnacht an struchtúir bainistíochta de.
- Oiriúnacht an bhuiséid agus na n-acmhainní agus a gcomhsheasmhacht leis an bplean oibre.
- Trédhearcacht an bhuiséid, i.e. ba cheart tuairisc leordhóthanach a thabhairt ar na míreanna costais.

- A mhéid a mheastar agus a mhaolaítear tionchar comhshaoil an tionscadail, lena n-áirítear trí sholáthar glas a úsáid. Úsáid modhanna aitheanta chun an lorg comhshaoil tionscadail a ríomh (e.g. modhanna PEF nó LCE nó modhanna comhchosúla[41]) nó córais bainistíochta comhshaoil (e.g. EMAS), ba shócmhainn sin.
- Luach airgid an tionscadail.

4. Scóráil na dtograí

Déanfar gach critéar a scóráil ar raon 0 go 20 pointe. Tá an t-íos-scór pas le haghaidh gach critéir cothrom le 10 bpointe. Tá an tairseach phas fhoriomlán, is infheidhme maidir le suim na scór aonair ualaithe, cothrom le 55 phointe. Ní áirítear aon phointe bónais seachas i gcás ina gcumhdaítear leis an tionscadal beartaithe na Réigiúin is Forimeallaí.

Ciallaíonn sin gur fiú 100 pointe uaslíon na bpointí féideartha.

5. Rangú agus ullmhú liosta críochnaitheach na dtionscadal atá le cistiú.

Rangófar tograí an tionscadail, agus scór ualaithe gach critéir dámhachtana á chur san áireamh.

Déanfar an liosta tionscadal a mholtar le haghaidh cistiú agus na tograí lenar baineadh amach an íostairseach agus a bhfuil buiséad ar fáil lena n-aghaidh á gcur san áireamh.

I gcás scóir chomhionanna, na tograí leis an scór is airde faoi chritéar 3, tionchar, maoineofar iad.

I gcás nach ann don bhuiséad chun maoiniú a dhéanamh ar na tograí uile lena mbaintear amach an íostairseach, tabharfar tosaíocht do na tograí sin ó na Ballstáit nach bhfuil SIP acu – go fóill – atá maoinithe faoin bhfochlár sonrach nó, faoi fhochlár an dúlra agus na bithéagsúlachta, SNAP sonrach.

6. Liosta ionadaithe agus Séala Barr Feabhais.

Beidh feidhm ag an liosta ionadaithe agus an Séala Barr Feabhais faoi mar atá i gcás an nós imeachta aonchéime a thuairiscítear i roinn 4.2.1.

## 4.3. Deontais oibriúcháin

I gcomhréir le Rialachán LIFE, is féidir deontais oibriúcháin a dhámhachtain i gcásanna éagsúla:

1. Le hAirteagal 11(6) de Rialachán LIFE déantar foráil maidir le tacaíocht le haghaidh costais oibríochtúla agus riaracháin áirithe le haghaidh eintitis neamhbhrabúsacha atá rannpháirteach i bhforbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartais an Aontais agus atá gníomhach go príomha i réimse an chomhshaoil nó an ghníomhaithe ar son na haeráide, lena n-áirítear an t-aistriú chuig fuinneamh.
2. Le hAirteagal 13 de Rialachán LIFE sonraítear go bhféadfar deontais a dhámhachtain do na heagraíochtaí a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán LIFE. Méid na

[41] E.g. RCLCTanna/ RELCEnna. Féach an liosta ar https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/PEFCR_OEFSR_en.htm?etrans=ga.

ndeontas oibriúcháin agus gníomhaíochta do na heagraíochtaí sin sna blianta 2021-2024, ní sháróidh sé EUR 6 mhilliún.

3. Deontais oibriúcháin lasmuigh de phointe 1 agus 2 thuas, féadfar iad a dhámhachtain i gcásanna a bhfuil údar cuí leo mar a shainmhínítear in Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais.

Is é atá sa mhéid táscach le haghaidh deontais oibriúcháin sa tréimhse 2021-2024 EUR 55.5 milliún.

Tá an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh na gcineálacha deontas oibriúcháin uile cothrom le 70 % de na costais incháilithe.

## 4.4. An nós imeachta um chur isteach agus roghnú le haghaidh deontais ghníomhaíochta

Beidh dámhachtain deontas oibriúcháin bunaithe ar an méid seo a leanas:

(1) Creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta le heintitis neamhbhrabúsacha agus, i gcás inar féidir tar éis anailís riosca, leis na heagraíochtaí a luaitear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán LIFE freisin. Socrófar fad na gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta chun an chothromaíocht a choimeád idir an gá atá le deimhneacht agus cobhsaíocht na dtairbhithe, an gá chun éabhlóid na comhpháirtíochta a áirithiú agus, i gcás deontais oibriúcháin d’eintitis neamhbhrabúsacha, féidearthacht eagraíochtaí éagsúla iad a rochtain.

Dámhfar deontais shonracha ar bhonn bliantúil tar éis glao ar thograí dírithe ar na creat-chomhpháirtithe.

(2) Deontais oibriúcháin aonair bhliantúla, nuair nach bhfuil comhaontuithe comhpháirtíochta indéanta ná iomchuí.

Eagrófar an nós imeachta dámhachtana mar a leanas:

1. Tar éis glao ar thograí, cuirtear tograí isteach.
2. Déantar an togra a sheiceáil chun féachaint an bhfuil sé i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta, incháilitheachta, roghnúcháin agus eisiaimh. Is féidir seicheamh na seiceálacha a oiriúnú i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais chun éifeachtúlacht uasta an phróisis meastóireachta a áirithiú.
3. Meastóireacht ar thogra. Déanfar meastóireacht ar an togra le haghaidh creat-chomhaontú comhpháirtíochta ar bhonn na gcritéar dámhachtana a liostaítear thíos:

| | |
|---|---|
| a) | **Ábharthacht.**<br>- Ábharthacht an rannchuidithe le cuspóir sonrach amháin nó le cuspóirí sonracha éagsúla de chlár LIFE.<br>- A mhéid atá an plean oibre beartaithe i gcomhréir leis na beartais ábhartha a chumhdaítear leis an nglao ar thograí.<br>- A mhéid a léirítear breisluach an Aontais leis an togra. |
| b) | **Múnlú bheartas an Aontais.**<br>- A mhéid a léirítear leis an togra tuiscint dhomhain ar phróiseas bheartas an Aontais.<br>- A mhéid a chuireann an t-iarratasóir feabhas ar an mbonn eolais agus fianaise, agus a thacaítear dá bhrí sin le beartais chomhshaoil, aeráide agus fuinnimh an Aontais.<br>- A mhéid a chothaíonn an t-iarratasóir comhtháthú beartas comhshaoil, aeráide agus/nó fuinnimh agus comhleanúnachas le beartais eile, e.g. beartas talmhaíochta, iompair, comhtháthaithe.<br>- A mhéid a ghníomhóidh an t-iarratasóir mar bhealach idir leibhéal an Aontais agus |

leibhéal na sochaí sibhialta, agus ionchur beartais comhordaithe á sholáthar.

- Oiriúnacht na modhanna agus na struchtúr arb é is aidhm dóibh ábhair imní shaoránaigh an Aontais a chur in iúl agus a rannpháirtíocht dhaonlathach a áirithiú maidir leis na hinstitiúidí ábhartha.

c) **Cur chun feidhme bheartas an Aontais.**

- A mhéid a chuirtear feabhas leis an straitéis bheartaithe ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht chomhshaoil, aeráide agus/nó fuinnimh an Aontais ar an leibhéal áitiúil, ar leibhéal na mBallstát agus/nó ar an leibhéal Eorpach.
- A mhéid a ghníomhóidh an t-iarratasóir mar bhealach idir leibhéal an Aontais agus leibhéal na sochaí sibhialta, agus glacadh cur chun feidhme beartais á chur chun cinn agus á áirithiú.
- A mhéid a úsáideann an t-iarratasóir a líonra chun constaicí roimh chur chun feidhme beartais ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach a shainaithint, le haghaidh aiseolas beartais.
- Oiriúnacht agus cáilíocht na mbeart beartaithe chun críche cumarsáide agus scaipthe chun luamhánú a chruthú.
- A mhéid atá an straitéis bheartaithe ina cuidiú le hinfheistíocht le haghaidh beartas comhshaoil, aeráide agus/nó fuinnimh a dhaingniú, agus aghaidh á tabhairt ar sheachtrachtaí comhshaoil.

d) **Feidhm bhraiteora.**

- A mhéid atá an togra ina chuidiú le saincheisteanna nua nó saincheisteanna atá ag teacht chun cinn i réimse an chomhshaoil, an athraithe aeráide agus/nó an fhuinnimh a bhrath agus a mhéid is féidir, a bhuí leis an togra, anailís a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis na saincheisteanna sin agus a n-éifeachtaí féideartha.
- Cumas an iarratasóra réitigh iomchuí a mholadh agus aiseolas a sholáthar nó feabhas a chur ar dhéanamh beartais maidir leis na saincheisteanna sainaitheanta atá nua nó ag teacht chun cinn.

e) **Forbairt eagraíochtúil.**

- Cáilíocht na straitéise beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shainaitheanta forbartha eagraíochtúla agus na réimsí sainaitheanta le haghaidh feabhsúcháin.
- A mhéid a dhéanann an t-iarratasóir ionadaíocht do pháirtithe leasmhara ábhartha agus a fhéachann sé lena bhallraíocht a fhorbairt (leibhéal an phobail nó an bonn comhaltaí).
- A mhéid a áirithítear le straitéis tiomsaithe airgid an iarratasóra éagsúlú agus inbhuanaitheacht na heagraíochta.
- Anailís ar spleáchas an iarratasóra ar dheontas oibriúcháin LIFE agus straitéisí lena dtugtar aghaidh ar an spleáchas sin, tá siad cinntitheach.
- Luach airgid na hoibre beartaithe.

### Scóráil na dtograí

Déanfar gach critéar a scóráil ar raon 0 go 20 pointe. Ní hann d'aon íos-scór pas le haghaidh critéir aonair.

Scór chritéar 4) 'Feidhm bhraiteora', tabharfar meáchan 0.25 dó.

Scór chritéar 5) 'Forbairt eagraíochtúil', tabharfar meáchan 0.75 dó.

Tá an tairseach phas fhoriomlán, is infheidhme maidir le suim na scór aonair ualaithe, cothrom le 45 phointe.

I gcás scóir chomhionanna, bunófar ord na tosaíochta ar bhonn na bprionsabal seo a leanas:

1. tograí lena ndírítear ar thopaic nach gcumhdaítear go maith le tograí atá rangaithe ar leibhéal níos airde, measfar go bhfuil an tosaíocht is airde acu;
2. ina dhiaidh sin, iarratais de réir a luacha airgid mheasta.

**Rangú agus ullmhú liosta críochnaitheach na ndeontas oibriúcháin atá le dámhachtain.**

Rangófar tograí an tionscadail, agus scór gach critéir dámhachtana á chur san áireamh.

Déanfar an liosta de dheontais oibriúcháin a mholtar le haghaidh dámhachtana agus na tograí lenar baineadh amach an íostairseach agus a bhfuil buiséad ar fáil lena n-aghaidh á gcur san áireamh.

Is é a bheidh i rangú sin na dtograí de réir an scóir agus ord na tosaíochta tar éis mheastóireacht FPA an t-ord ina rangófar na hiarratasóirí nuair a bheidh meastóireacht déanta ar a dtograí maidir le Comhaontú Deontais Shonraigh (SGA), i.e. ní bhunófar aon rangú nua tar éis mheastóireacht SGA.

Chun na deontais oibriúcháin aonair a dhámhachtain, beidh feidhm ag na critéir seo a leanas:

**a) Ábharthacht**

- A mhéid atá an clár oibre beartaithe i gcomhréir le creat-chomhaontú comhpháirtíochta iarratasóir na heagraíochta neamhrialtasaí. Tá údar le haon chlaonadh.

**b). Cáilíocht an togra**

- Soiléireacht, ábharthacht agus féidearthacht an phlean oibre bheartaithe
- Uaillmhian agus inchreidteacht tionchar a bhfuil coinne leo de bharr na ngníomhaíochtaí beartaithe.

**c). Acmhainní**

- Oiriúnacht eagrú agus bainistíocht na hoibre
- Oiriúnacht an bhuiséid agus na n-acmhainní beartaithe agus a gcomhsheasmhacht leis an bplean oibre beartaithe.
- Tá an t-ioncam agus an caiteachas ar comhardú

Déanfar gach critéar a scóráil ar raon 0 go 20 pointe. Ní hann d'aon íos-scór pas le haghaidh critéir aonair. Tá an tairseach phas fhoriomlán, is infheidhme maidir le suim na scór aonair, cothrom le 35 phointe.

## 4.5. Tráthchláir tháscacha le haghaidh na nglaonna ar thograí

| | 2021 | | | 2022 | | | 2023 | | | 2024 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| míonna | 01-04 | 05-08 | 09-12 | 01-04 | 05-08 | 09-12 | 01-04 | 05-08 | 09-12 | 01-04 | 05-08 | 09-12 |
| TGCanna | | ☑ | | ☑ | | | ☑ | | | ☑ | | |
| SNAPanna | | ☑ | | ☑ | | | | | | ☑ | | |
| SIPanna | | ☑ | | ☑ | | | ☑ | | | ☑ | | |
| TA-CAP | | ☑ | | ☑ | | | | | | | | |
| Tionscadail TA eile | | ☑ | | ☑ | | | ☑ | | | ☑ | | |

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontais oibriúcháin | | ☑ | | | ☑ | | | ☑ | | | ☑ | |
| GEanna | | ☑ | | ☑ | | | ☑ | | | ☑ | | |

Glaonna ar thograí le haghaidh TGCanna, SIPanna, TA-PP ar mhaithe le hullmhú SNAPanna agus SIPanna, GCTanna, seolfar gach bliain iad agus/nó beartófar sprioc-am bliantúil leo chun tionscadail a chur isteach.

Le haghaidh SNAPanna, seolfar glao ar thogra in 2021, in 2022 agus in 2024.

Seolfar glaonna ar thograí le haghaidh TA-CAP in 2021 agus in 2022

Seolfar glaonna ar thograí le haghaidh TA-R ar bhonn débhliantúil a thosaíonn ó 2022.

Tá coinne leis go seolfar glaonna ar thograí le haghaidh GEnna ar bhonn bliantúil nó débhliantúil. Tá coinne leis go seolfar glaonna ar thograí le haghaidh deontais oibriúcháin go bliantúil. Creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta le haghaidh GEnna agus/nó deontais oibriúcháin, tabharfar i gcrích iad, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn ilbhliantúil.

## 5. FOIRMEACHA EILE CISTIÚCHÁIN

Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán a bhaint amach, i dteannta na dtionscadal a mhaoinítear trí dheontais a shainaithnítear i roinn 4, le Clár LIFE féadfar na nithe seo a leanas a mhaoiniú trí fhoirmeacha eile cistiúcháin freisin:

- tionscadail mar a shainmhínítear faoi roinn 5.4,
- gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún chun tacú le hullmhú, cur chun feidhme agus príomhshruthú reachtaíocht an Aontais maidir leis an gComhshaol, leis an Aeráid agus leis an Aistriú chuig Fuinneamh Glan,
- cúnamh riaracháin agus teicniúil don Choimisiún maidir le forbairt, cur chun feidhme agus gníomhaíochtaí faireacháin an chláir.

Féadfar a áireamh ar na foirmeacha eile cistiúcháin:

- Conarthaí soláthair.
- Duaiseanna.
- Gníomhaíochtaí bainistíochta indírí, lena n-áirítear meascadh.

An méid táscach le haghaidh tionscadal arna mhaoiniú trí fhoirmeacha eile cistiúcháin agus ionstraimí airgeadais faoi oibríochtaí measctha faoi na ceithre fhochlár le haghaidh na mblianta 2021-2024, tá sé cothrom le EUR 476 mhilliún.

An méid táscach le haghaidh gníomhaíochtaí teicniúla agus riaracháin faoi na ceithre fhochlár le haghaidh na mblianta 2021-2024, tá sé cothrom le EUR 106 mhilliún.

### 5.1. Conarthaí Soláthair

De réir Airteagal 5 de Rialachán LIFE, le Clár LIFE féadfar maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún chun tacú le hullmhú, cur chun feidhme agus príomhshruthú reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcomhshaol, leis an aeráid nó reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le fuinneamh.

Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin arna gcur chun feidhme trí sholáthar poiblí:

- Faisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear e.g. feachtais múscailte feasachta, caidreamh leis na meáin, foilseacháin, ábhair faisnéise, aistriúcháin,

comhairliúchán/rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, ceardlanna, comhdhálacha agus tacaíocht do scéimeanna/gníomhaíochtaí rannpháirtíochta, líonrú agus ardáin dea-chleachtais.

- Tacaíocht do dhearadh, forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú beartas agus reachtaíochta e.g. tacaíocht eolaíoch, dhlíthiúil agus theicniúil, iniúchtaí, fothú acmhainneachta, athbhreithnithe piaraí, meastóireachtaí, measúnuithe tionchair, córas teicneolaíochta faisnéise, staidéir, seirbhísí comhairleacha, samhaltú agus cruthú cáis.

## 5.2. Duaiseanna

Is ranníocaíocht airgeadais iad duaiseanna a thugtar mar luach saothair tar éis comórtais.

Trí dhuaiseanna cuireann an Coimisiún baint amach chuspóirí beartais an Aontais chun cinn.

Dámhfar duaiseanna i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne.

Na coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta, na socruithe chun an duais a íoc leis na buaiteoirí tar éis a dámhachtana, agus an modh iomchuí foilseacháin, tá siad sainmhínithe i ndáil leis an duais shonrach a eagraítear.

Áireofar eagrú agus bainistíocht duaiseanna i ríomh na híostairsí 85 % de bhun Airteagal 9.3 de Rialachán LIFE.

Ar na samplaí de na duaiseanna arna maoiniú le clár LIFE tá Gradam na Duilleoige Glaise agus an Gradam don Phríomhchathair Ghlas, Gradam an Ghnólachta Eorpaigh, Gradam Natura 2000, dreasachtaí an Chomhshocraithe Aeráide, etc...

## 5.3. Gníomhaíochtaí chun tacú le hinfheistíochtaí, lena n-áirítear meascadh

### *5.3.1. Tacaíocht chun cúnamh teicniúil a mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí comhshaoil agus aeráide*

Le Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, maidir le glasú infheistíochtaí agus an gheilleagair aithnítear gur gá, de ghnáth, an cúnamh teicniúil a neartú go suntasach chun an phíblíne infheistíochta ardtionchair a fhorbairt go réamhghníomhach. Thairis sin, cuirtear i dtábhacht leis a thábhachtaí atá cúnamh teicniúil chun caipiteal nádúrtha, gníomhú ar son na haeráide agus réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn.

Leis an bpíblíne infheistíochta ardtionchair ba cheart díriú ar thionscadail lena ndéantar caipiteal nádúrtha a chaomhnú, a athbhunú, a bhainistiú agus a fheabhsú nó as a dtagann baint carbóin – mar thaca le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, Plean Gníomhaíochta an Gheilleagair Chiorclaigh, Straitéis nua an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide agus beartais ábhartha eile.

Is é is aidhm don chúnamh teicniúil faoin Mol Comhairleach InvestEU tacú le tionscadail arb iad na príomhchuspóirí tionscadail atá acu maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú sin agus/nó cosaint agus feabhsú acmhainní caipitil nádúrtha chomh maith le forbairt an gheilleagair chiorclaigh. Beidh sé dírithe ar thionscadail atá ina rannchuidiú le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus/nó lena n-áirithítear an inbhuanaitheacht sa bhainistíocht ar acmhainní nádúrtha.

Chun an phíblíne tionscadal sin a fhorbairt agus chun iad a chur chun feidhme ar an láthair, cuirfear dhá ghníomhaíocht bhreise agus chomhlántacha ar bun:

(1) Ranníocaíocht acmhainní airgeadais leis an Mol Comhairleach faoin gclár InvestEU. Sainaithneoidh, forbróidh agus ullmhóidh na seirbhísí comhairleacha an tionscadal le haghaidh an chláir InvestEU. Is é is aidhm dó sin tacú le hinfheistíochtaí glasa agus macasamhlú/uas-scálú tionscadal glas agus an méid sin a chur chun cinn, i gcás inarb é atá sna príomhchuspóirí tionscadail oiriúnú don athrú aeráide agus/nó cosaint agus

feabhsú acmhainní caipitil nádúrtha. Áireofar ann sin freisin, arna iarraidh sin, seirbhísí comhairleacha chun go mbeidh tionscadail infheistíochta eile níos glaise.

(2) Tacaíocht airgeadais *ad hoc*i bhfoirm deontas (féach roimh roinn 4.1.3.3) nó meascadh (i gcás ina mbeidh foinsí inaisíoctha cistiúcháin ag gabháil le deontais, amhail iasachtaí, maoiniú cothromais nó tacaíocht bhuiséadach arna maoiniú le foinsí eile seachas LIFE).

5.3.1.1. Glasíocaíocht an mhoil chomhairligh

Tá sé d'aidhm ag an mol comhairleach InvestEU cúnamh teicniúil réamhghníomhach úrscothach a chur ar fáil mar ghníomhaíocht chumasúcháin fhíor-riachtanach lena dtacaítear le glasú an gheilleagair agus na n-infheistíochtaí a bhfuil coinne leo.

Tá an mol comhairleach InvestEU spriocdhírithe ar na hinfheistíochtaí sin is gá chun beartas agus reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán agus chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil níos leithne a bhaineann le cosaint agus athbhunú ár gcaipitil nádúrtha atá mar bhonn taca faoin ngeilleagar agus faoina chiorclaíocht mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip.

Is é is cuspóir do rannchuidiú LIFE leis an Mol Comhairleach InvestEU cúnamh a thabhairt do thionscnóirí poiblí agus príobháideacha agus do ghníomhaithe gaolmhara le sainaithint agus forbairt tionscadal infheistíochta, lena rannchuidítear le caipiteal nádúrtha a chaomhnú, a athbhunú, a bhainistiú agus a fheabhsú, agus lena rannchuidítear freisin le baint carbóin agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide mar thaca e.g. le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, leis an bPlean um an nGeilleagar Ciorclach agus leis an Straitéis nua maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide.

Sainaithneofar saineolas speisialaithe – (1) go díreach ar an margadh agus (2) trí chomhpháirtithe comhairleacha – chun cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta a sholáthar chun cuidiú le hinfheistíochtaí glasa poiblí agus príobháideacha a shainaithint agus a fhorbairt. Arna iarraidh sin, d'fhéadfadh baint a bheith aige sin le tacú le hinfheistíochtaí eile a ghlasú. I gcás inarb ábhartha, beidh na saineolaithe rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna agus comhroinnte taithí frithpháirtí chun go bhfeabhsófar an cumas chun tionscadail infheistíochtaí glasa a shainaithint, a chur chun cinn agus a struchtúrú ar fud an Aontais.

Tar éis an aga ama is gá chun croílár an tsaineolais a mhéadú agus chun na comhaontuithe leis na comhpháirtithe comhairleacha a thabhairt i gcrích, tá coinne leis go mbeidh slógadh an tsaineolais fíorchéimseach.

Ón tús, gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh féachaint le sainaithint réamhghníomhach a dhéanamh ar infheistíochtaí féideartha agus acmhainneacht páirtithe leasmhara ábhartha a fhothú, déanfar iad.

Beidh an méid atá tiomnaithe do na seirbhísí comhairleacha sin faoi stiúir fhorbairt an éilimh. An méid a leithdháiltear ar na seirbhísí comhairleacha sa tréimhse 2021-2024 faoi na fochláir arb iad an Dúlra agus an Bhithéagsúlacht, an Geilleagar Ciorclach agus Cáilíocht Saoil agus an Maolú ar an Athrú Aeráide agus an tOiriúnú don Athrú sin, tá coinne leis nach sáróidh sé EUR 35 mhilliún. Beidh an méid sin comhlántach ar na foirmeacha inaisíoctha tacaíochta a sholáthraítear faoi InvestEU agus beidh sé dírithe ar sheirbhísí cúnaimh theicniúil agus d'fhéadfadh sé a bheith cistithe, de réir mar is iomchuí, ar mhodh bainistíochta dírí nó indírí.

Déanfar cistí nár úsáideadh a ath-leithdháileadh ar dheontais.

5.3.1.2. Tacaíocht mheasctha

I gcás inarb oiriúnach, beidh an tacaíocht atá le soláthar do na hinfheistíochtaí glasa i bhfoirm oibríochtaí measctha.

Is féidir oibríocht mheasctha a shainmhíniú mar theaglaim d'fhoirmeacha éagsúla tacaíochta:

- **foirm thacaíochta inaisíoctha amháin ar a laghad** (ráthaíocht bhuiséadach agus/nó ionstraim airgeadais) arna maoiniú le InvestEU nó foinsí maoiniúcháin eile agus
- **foirm thacaíochta neamh-inaisíoctha** arna maoiniú le LIFE lena gcomhlíonfar a chuspóirí beartais agus a chritéir incháilitheachta.

An eilimint a bhaineann le deontas LIFE, úsáidfear í ar bhealach straitéiseach chun maoiniú breise a mhealladh le haghaidh infheistíochtaí tábhachtacha. Trí acmhainní a chomhthiomsú le chéile, le meascadh méadaíonn an fhéidearthacht go dtiocfadh infheistíochtaí chun cinn trína cheadú do gach airgeadaí luamhánú éigin a bheith acu ar a gcistí agus áirithítear leis go ndéanfaidh an Coimisiún agus airgeadaithe eile comhordú níos fearr ar thacaíocht phoiblí chun cuspóirí beartais an Aontais a shaothrú.

D'fhéadfaí úsáid a bhaint as meascadh chun éascaíocht a dhéanamh do mhacasamhlú tionscadail nó chun tacú le hinfheistíochtaí glasa féideartha a shainaithint agus a chur chun cinn.

Faoin gclár InvestEU le meascadh d'fhéadfaí féidearthachtaí a chur ar fáil chun cosaint/feabhsú caipitil nádúrtha a fháil, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis an maolú ar an athrú aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin, leabaithe agus uas-scálaithe laistigh de na tionscadail. Leis an eilimint deontais d'oibríocht mheasctha is féidir tionchar níos airde cuspóirí beartais a dhreasú a thuilleadh lena dtacaítear leis an gcuid de thionscadail nach bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de nó lena soláthraítear ráthaíocht níos airde d'infheisteoirí.

I gcás nach dtiocfaidh oibríocht mheasctha chun cinn, úsáidfear na cistí sin chun deontais a mhaoiniú. Déanfar cistí nár úsáideadh a ath-leithdháileadh ar dheontais freisin.

Beidh an t-uasmhéid a leithdháiltear le haghaidh na heiliminte deontais d'oibríochtaí measctha cothrom le EUR 15 mhilliún le haghaidh na mblianta 2021-2024.

Tuairisceoidh an Coimisiún go bliantúil do Choiste LIFE ar na réamhstaidéir agus forbairt fhéideartha na hoibríochta measctha.

### *5.3.2. Tacaíocht chun éifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíochtaí fuinnimh inathnuaite a mhaoiniú*

Déanfar cistí nár úsáideadh le haghaidh tacaíocht airgeadais a ath-leithdháileadh ar dheontais faoin bhfochlár an tAistriú chuig Fuinneamh Glan.

5.3.2.1. Tacaíocht airgeadais le haghaidh cúnamh teicniúil d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh inathnuaite

Bainistíocht indíreach ar thacaíocht airgeadais le haghaidh cúnamh teicniúil d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh inathnuaite atá spriocdhírithe ar fhoirgnimh agus lena gcaomhnaítear fuinneamh agus lena laghdaítear astaíochtaí, amhail an tsaoráid ELENA[42].

An tsaoráid sin, arna bainistiú ag BEI faoin gclár Fís 2020 2014-2020, réamhtheachtaí an fhochláir an tAistriú chuig Fuinneamh Glan. Le ELENA soláthraítear deontais le haghaidh cúnamh teicniúil d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh inathnuaite atá spriocdhírithe ar fhoirgnimh agus tionscadail iompair uirbigh agus soghluaisteachta nuálacha lena gcaomhnaítear fuinneamh agus lena laghdaítear astaíochtaí.

Faoin tsaoráid sin, soláthraítear tacaíocht airgeadais do sheirbhísí forbartha tionscadail i ndáil leis na gníomhaíochtaí uile is gá chun maoiniú a fhorbairt agus a shlógadh le haghaidh clár infheistíochta lena n-áirítear mar shampla: staidéir féidearthachta, staidéir dheartha, struchtúrú clár, pleananna gnó, iniúchtaí fuinnimh, cuachadh tionscadal níos lú chun bheith ina bpacáistí

[42] https://www.eib.org/en/products/advising/elena/

atá iontaofa ó thaobh brabúis de. Costais a bhaineann leis an gclár infheistíochta féin amhail costais chrua-earraí, níl siad incháilithe.

Tá cur chun feidhme an chineáil saoráide sin faoi réir comhaontuithe ranníocaíochta tiomnaithe idir an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Coimisiún Eorpach. Tá tacaíocht airgeadais á soláthar ag an tsaoráid do thairbhí deiridh de réir na módúlachtaí a shainmhínítear sna comhaontuithe ranníocaíochta.

An tacaíocht chun maoiniú a dhéanamh ar chúnamh teicniúil d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh inathnuaite, ní sháróidh sí EUR 45 mhilliún le haghaidh na tréimhse 2021–2024

## 5.4. Tacaíocht chun gníomhaíochtaí eile faoi bhainistíocht indíreach a mhaoiniú

De réir Airteagal 62.1(c) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh an Coimisiún cúraimí forghníomhaithe buiséid a tharmligean chuig cineálacha éagsúla comhpháirtithe, amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta, gníomhaireachtaí díláraithe agus comhlachtaí dlí phoiblí, lena n-áirítear eagraíochtaí na mBallstát.

Roghnú na ndaoine agus na n-eintiteas ar a gcuirfear ar iontaoibh cistí an Aontais a chur chun feidhme, beidh sé trédhearcach, tabharfar údar leis le cineál na gníomhaíochta agus ní bheidh sé ina chúis le coinbhleacht leasanna.

De réir Airteagal 154.3 FR den Rialachán Airgeadais, áiritheoidh an Coimisiún go léireoidh na heintitis a ndéantar cúraimí cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean chucu leibhéal bainistíochta agus cosanta airgeadais ar leas airgeadais an Aontais atá cothrom leis an leibhéal sin de chuid an Choimisiúin.

Ar deireadh, leanann an Coimisiún de bheith freagrach as buiséad an Aontais agus cuireann sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na hoibríochtaí arna ndéanamh ag na heintitis agus na daoine i gceannas.

### *5.4.1. Tacaíocht airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí bainistíochta indírí eile i réimsí an chomhshaoil agus na haeráide*

Féadfaidh comhaontú ranníocaíochta *ad hoc*a bheith sínithe le heagraíochtaí idirnáisiúnta, gníomhaireachtaí díláraithe agus comhlachtaí dlí phoiblí, lena n-áirítear eagraíochtaí na mBallstát chun tacaíocht theoranta a sholáthar do ghníomhaíochtaí *ad hoc*leasa choitinn.

Ar na samplaí de ghníomhaíochtaí bainistíochta indírí arna maoiniú le clár LIFE san am atá caite tá suirbhé arna reáchtáil ag ECFE chun luachanna iontaofa maidir le toilteanas chun íoc a sholáthar chun éifeachtaí sláinte dochracha a sheachaint, ar éifeachtaí iad a bhaineann le neamhchosaint ar cheimiceáin nó moltaí treoirlínte agus faisnéis maidir le rioscaí sláinte an aerthruaillithe san Eoraip, arna gcur chun feidhme ag EDS, a thabhairt cothrom le dáta.

Tá na tionscadail seo a leanas ar áireamh i liosta neamhchuimsitheach gníomhaíochtaí atá pleanáilte le haghaidh na tréimhse 2021–2024:

- Malartú faisnéise idirnáisiúnta maidir le húsáid na dTeicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) chun astaíochtaí tionsclaíocha a rialú – Céim III – atá le cur chun feidhme ag ECFE
- An Plean Gníomhaíochta Uile-Eorpach um Bradáin Fearna Choiteanna – le cur chun feidhme ag Rúnaíocht Choinbhinsiún Bheirn (Comhairle na hEorpa).
- Leagan cothrom le dáta de threoraíocht maidir le pleananna gníomhaíochta sláinte teasa – le cur chun feidhme ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte – an Lárionad Eorpach um an gComhshaol agus an tSláinte (ECEH)

Tá an méid táscach a leithdháiltear ar an gcineál sin gníomhaíochtaí arna chur chun feidhme faoin mbainistíocht indíreach ag Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil agus ag an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide cothrom le EUR 3 mhilliún le haghaidh na tréimhse 2021–2024.

### *5.4.2. Tacaíocht airgeadais chun infheistíochtaí na hearnála príobháidí a ghníomhachtú san éifeachtúlacht fuinnimh*

Comhaontú ranníocaíochta le UNEP chun infheistíochtaí na hearnála príobháidí a ghníomhachtú san éifeachtúlacht fuinnimh tríd an nGrúpa Institiúidí Airgeadais um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEFIG) faoi chuimsiú Chaibidil 2. ‘An aeráidneodracht agus fuinneamh glan a fheabhsú’ san iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Tuisceana idir an Coimisiún Eorpach agus Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe le haghaidh na tréimhse comhair 2020-2024 arna chomhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus UNEP.

Tá rannchuidiú suntasach á sholáthar ag EEFIG chun dlús a chur le maoiniú príobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh atá dírithe faoi láthair ar an gComhaontú Glas don Eoraip agus laistigh de chreataí Phlean Téarnaimh an Aontais.

Cuirfear cur chun feidhme cuid de na gníomhaíochtaí de chuid EEFIG ar iontaoibh an Tionscnaimh Airgeadais um Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP FI) i gcomhréir leis na módúlachtaí a shainmhínítear sna comhaontuithe ranníocaíochta.

Ní sháróidh tacaíocht airgeadais do UNEP EUR 0.6 milliún le haghaidh na tréimhse 2021-2024.

## 5.5. Tionscadail a mhaoinítear trí fhoirmeacha eile cistiúcháin le háireamh sa tairseach 85 % de bhun Airteagal 9.3

De réir Airteagal 9.3, déanfar 85 % ar a laghad den bhuiséad le haghaidh Chlár LIFE a leithdháileadh ar dheontais, ar thionscadail a mhaoinítear trí fhoirmeacha eile cistiúcháin a mhéid a shonraítear laistigh den chlár oibre ilbhliantúil agus ar ionstraimí airgeadais i bhfoirm oibríochtaí measctha.

Seo a leanas na gníomhaíochtaí is féidir a mheas agus an íostairseach 85 % á ríomh de bhun Airteagal 8(2a):

- Duaiseanna agus gradaim oifigiúla, lena n-áirítear na caiteachais ghaolmhara uile (i.e. Gradam na Duilleoige Glaise agus an Gradam don Phríomhchathair Ghlas; Gradam an Ghnólachta Eorpaigh; Gradam Natura 2000).
- Tacaíocht, malartú saineolais agus líonrú chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara éagsúla maidir le dearadh, cur chun feidhme agus forfheidhmiú bheartais chomhshaoil agus aeráide an Aontais (e.g. an tArdán le hAghaidh Réigiúin Ghuail in Aistriú Fuinnimh, an Comhshocrú Aeráide, Cúnant na Méaraí don Aeráid agus d’Fhuinneamh, Comhaontú na gCathracha Glasa, Margadh Airgeadais le haghaidh Éifeachtúlacht Fuinnimh, na Seachtainí Eorpacha um Fhuinneamh Inbhuanaithe, Fóraim um Infheistíocht Fuinnimh Inbhuanaithe, an Fóram Tionsclaíoch um Fhuinneamh Glan maidir le Foinsí Inathnuaite Fuinnimh, gníomhaíochtaí líonra mar thaca le Pointí Teagmhála Náisiúnta LIFE, lena n-áirítear oiliúint, gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí agus teagmhais comhroinnte taithí).
- Fothú acmhainneachta agus oiliúint agus cineálacha eile tacaíochta le haghaidh na mBallstát agus gníomhaithe eile a bhfuil cúram orthu reachtaíocht agus beartais an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear cúnamh teicniúil le haghaidh sainaithint agus cur chun cinn infheistíochtaí glasa, na hathbhreithnithe piaraí, forbairt treoraíochta agus malartú dea-chleachtas (TAIEX-EIR Piar go Piar, comhar le breithiúna náisiúnta, fothú

acmhainneachta le haghaidh na mBallstát maidir le forbairt fardal astaíochta náisiúnta, an tArdán um Dhí-rioscú na hÉifeachtúlachta Fuinnimh (DEEP), etc.).

- Tacaíocht do bhailiú sonraí, córais TF, bunachair shonraí agus suirbhéanna agus sainchomhlachtaí lena gcuirtear é ar a gcumas do pháirtithe leasmhara sonraí comhshaoil agus aeráide a rochtain agus/nó a úsáid (e.g. suirbhé LUCAS, Córas Faisnéise Foraoise don Eoraip (FISE), an Córas Faisnéise Uisce don Eoraip (WISE), Faireachlann Nuálaíochta na nAstaíochtaí Tionsclaíocha, Líonra Faisnéise Eorpach na Speiceas Coimhthíoch (LFESC), Faireachlann an Aontais um Bochtaineacht Fuinnimh, bunachar sonraí thorthaí thionscadal LIFE),
- Feidhmiú agus slándáil leordhóthanach CTA AE (clárlann an Aontais) agus feidhmchlár díorthach (FTFC, NEC, cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh) lena n-áirítear an t-ardán ceantála,
- Bainistíocht indíreach le heagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail EDS, ECFE, UNFCCC, UNEP, FAO, IEA, BEI) chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán LIFE a bhaint amach (e.g. bainistíocht indíreach le haghaidh cúnamh teicniúil d’infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh inathnuaite atá spriocdhírithe ar fhoirgnimh lena gcaomhnaítear fuinneamh agus lena laghdaítear astaíochtaí).

Tuairisceoidh an Coimisiún don Choiste ar bhonn bliantúil maidir leis an méid a leithdháileadh ar na tionscadail sin sa bhliain roimhe sin.

## 6. CISTIÚ CARNACH

I gcásanna áirithe, féadfar cistí LIFE a úsáid chun cur le cistí ó chlár eile de chuid an Aontais, chun na cistí sin a chomhlánú nó chun iad a chomhcheangal. D’fhéadfadh an méid sin tarlú, mar shampla, chun roinnt obair shonrach ar phríomh-shaincheisteanna comhshaoil nó aeráide faoi chláir eile a chur chun cinn, chun cur leis an obair sin nó chun í a stiúradh.

Is é is aidhm do na cineálacha cistiúcháin sin iarrachtaí comhbheartaithe a fhorbairt, sineirgí a optamú agus/nó cuspóirí sonracha Chlár LIFE a shaothrú. Is é is aidhm dóibh níos mó éifeachtúlachta a áirithiú i luamhánú agus comhordú níos fearr a chumasú ar thacaíocht do thairbhithe/fhaighteoirí deiridh.

D’fhéadfaí cistiú carnach a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar ranníocaíocht LIFE le e.g. glaonna ar thograí, deontais shonracha, glaonna ar thairiscintí nó tacaíocht mheasctha arna maoiniú go comhpháirteach le cláir agus ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais.

### 6.1. Modh bainistíochta

Bainisteoidh an Coimisiún nó Gníomhaireacht Feidhmiúcháin amháin an ghníomhaíocht. Úsáidfear modh bainistíochta indírí má thugtar údar leis sin leis an gcineál gníomhaíochta.

### 6.2 Comhlacht cur chun feidhme

Dá bhféadfaí é a chur de chúram ar níos mó ná eagraíocht amháin na gníomhaíochtaí sin a bhainistiú, roghnófar an eagraíocht a dhéanann bainistíocht ar na gníomhaíochtaí is comhchosúla, agus críoch agus inneachar na ngníomhaíochtaí á gcur san áireamh.

### 6.3. Rialacha cur chun feidhme

Bainisteofar an ghníomhaíocht agus, a mhéid is féidir, urraim á tabhairt do na rialacha i bhfeidhm faoi na cláir lena mbaineann.

I gcás rialacha atreoraithe agus/nó ionas nach gcuirfear ró-ualach ar na hiarratasóirí, roghnófar na rialacha atá le cur i bhfeidhm chun go n-áiritheofar éifeachtacht sa chur chun feidhme, an

rannpháirtíocht is leithne agus is féidir agus an simpliú is mó le haghaidh iarratasóirí ionchasacha.

Aon ghlao ar thograí nó glao ar thairiscintí, cuirfear chun cinn go leordhóthanach é ar leathanach gréasáin an chláir.